Tuarascáil

Bhliantúil 2012

Clár Ábhar

Brollach ó Richard Bruton, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta 1

Réamhrá ó John Murphy, Ard-Rúnaí 3

Príomhéachtaí le linn na bliana 2012 5

Sprioc 1 Fiontraíocht a Chur Chun Tosaigh 9

Sprioc 2 Iomaíochas agus Rochtain ar Mhaoiniú a Fheabhsú 18

Sprioc 3 Forbairt Fiontraíochta agus Poist 25

Sprioc 4 Onnmhairí a Mhéadú 37

Sprioc 5 Rialáil 43

Sprioc 6 Nuálaíocht 52

Sprioc 7 Earnálacha Ardacmhainne a Fhorbairt 62

Sprioc 8 An Straitéis a Bhaint Amach agus Athrú a Bhainistiú 69

Aguisín 1: Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012 73

Aguisín 2: Billí a Foilsíodh 87

Aguisín 3: Ionstraimí Reachtúla 87

Brollach ón Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Richard Bruton

Seoladh an Plean Gníomhaíochta do Phoist in 2012. Is cur chuige nua é sin trína bhféachann an Rialtas le tacaíocht an Rialtais ar fad a fháil ar mhaithe le poist a chruthú agus le fiontair agus nuálaíocht a mhéadú. Leagtar amach ann pleananna don todhchaí, ach díríodh ann gan stad freisin ar chur chun feidhme. Bliain comhdhlúthaithe agus athraithe a bhí ann. Chobhsaigh an figiúr iomlán fostaíochta, ach tháinig dea-fhás san fhostaíocht ó na hearnálacha onnmhairiúcháin. Bhain fiontair ar thacaigh GFT Éireann leo an fás fostaíochta is airde le deich mbliana anuas. Chruthaigh fiontair ar thacaigh Fiontraíocht Éireann leo go raibh siad in ann a sciar den mhargadh a aisghnóthú. Ba mhaith liom ómós a thabhairt don obair dhothuirsithe a rinne mo chomhghleacaithe Aireachta - John Perry, TD, an tAire um Ghnólachtaí Beaga, agus Seán Sherlock, TD, an tAire Taighde agus Nuálaíocht - John Murphy, an tArd-Rúnaí agus foireann ar fad na Roinne chun spriocanna na Roinne atá sa Ráiteas Straitéise 2011-2014, chomh maith le gealltanas a thagann faoi shainchúram na Roinne seo atá i gClár an Rialtais, a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2012, leanamar le bealaí nua a chuardach chun é a dhéanamh níos rianúla agus níos éifeachtúla gnó a dhéanamh in Éirinn chun go mbeifí in ann freastal ar bhealach ní b'fhearr ar ionchais an tionscail agus ar riachtanais an phobail. Rinneamar iarracht timpeallacht a chruthú ina gcothaítear nuálaíocht, ina gcuirtear le hiomaíocht, ina spreagtar infheistíocht agus ina gcuirtear comhoibriú tionsclaíoch chun cinn – timpeallacht ina dtiocfaidh tuilleadh post agus dea-phoist chun cinn ar deireadh. Leantar le dea-dhul chun cinn a dhéanamh ar an gclár athchóirithe arb é is aidhm dó aonán atá fíor-chomhtháite a chruthú sa réimse fostaíochta agus caidrimh thionsclaíoch a sholáthróidh seirbhís den scoth a bheidh dírithe ar an gcliant.

Is eol dom nach féidir cuid mhór de na cuspóirí a bhaint amach ar leithlis, agus mura bhfaighimis comhoibriú ó mo chuid comhghleacaithe i gcodanna eile den tseirbhís phoiblí agus mura bhfaighimis tacaíocht ón bpobal mór, ní bheimis in ann an oiread céanna dul chun cinn a dhéanamh. Táim ag súil leis an tacaíocht trasearnála sin a choimeád ar bun toisc go mbaineann an-tábhacht leis maidir le seirbhís phoiblí nua-aimseartha den scoth a sholáthar. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad sa Roinn, ina hOifigí agus ina Gníomhaireachtaí as

an obair a rinne siad chun beartais agus cláir a sholáthar de réir an chaighdeáin is airde beag beann ar an líon laghdaithe acmhainní a bhí ar fáil.

Richard Bruton

An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Réamhrá ón Ard-Rúnaí, John Murphy

Fáilte go Tuarascáil Bhliantúil na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta do 2012. D'éirigh leis an Roinn bliain dhúshlánach eile a shárú, bliain inar tháinig méadú ar éilimh agus inar tháinig laghdú ar acmhainní. Tháinig coigilteas chun cinn ó phróisis ghnó a chuíchóiriú, ó éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach agus ó thuilleadh úsáide a bhaint as an teicneolaíocht.

Beag beann ar an laghdú in acmhainní, tá a lán éachtaí agus forbairtí dearfacha le tuairisciú. Seoladh an Plean Gníomhaíochtaí do Phoist sa bhliain 2012 mar chuid de phróiseas ilbhliantúil uaillmhianach, arb é is aidhm dó 100,000 duine eile a chur i mbun oibre in Éirinn. D'éirigh go han-gheal leis an bplean go dtí seo, agus soláthraíodh 92 faoin gcéad de na bearta sa bhliain 2012, lena n-áirítear seoladh na Scéime Micrea-Airgeadais ar fiú €90 milliún í, a bhfuiltear ag súil ina leith go mbeidh sí chun tairbhe 5,500 gnólacht agus go gcruthóidh sí 7,700 post, seoladh na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa ar fiú €450 milliún í, a bhfuiltear ag súil ina leith go mbeidh sí chun tairbhe 5,600 gnólacht agus go gcruthóidh sí 4,000 post agus bearta chun poist a dhéanamh de smaointe maithe a thagann as taighde eolaíochta a dtacaíonn an stát leis, lena n-áirítear Prótacal Maoine Intleachtúla nua, a dhéanfaidh sé níos éasca do chuideachtaí smaointe a thagann as taighde atá maoinithe go poiblí agus as ionaid nua taighde teicneolaíochta a rochtain agus a úsáid.

Táim faoi chomaoin mhór ag foireann na Roinne, a hOifigí agus a Gníomhaireachtaí as a rannpháirtíocht ghníomhach, as a dtiomantas domhain agus as a gcrua-obair maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach. Mar gheall ar an laghdú sa líon foirne, is eol dom go maith go raibh ar an bhfoireann dul faoi ualach breise agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine as an rannchuidiú a rinne siad ina leith sin.

John Murphy

An tArd-Rúnaí

Misean

‘Tacú le cruthú dea-phost trí fhorbairt timpeallachta gnó atá iomaíoch, ina n-oibreoidh fiontair de réir ardchaighdeán agus ina bhfásfaidh fiontair i margaí inbhuanaithe a chur chun cinn’

Príomhéachtaí le linn na bliana 2012

- Seoladh an Plean Gníomhaíochta do Phoist an 13 Feabhra 2012.
- Chruthaigh cliantchuideachtaí GFT Éireann 12,722 ollphost nua (6,570 glanphost nua) agus d'infheistigh GFT Éireann €517m i dtionscadail nua taighde agus forbartha agus nuálaíochta.
- D'fhaomh Fiontraíocht Éireann 7,645 post deontaschúnta nua, i gcomparáid leis an sprioc a bhí aici 6,000-7,000 post a chruthú.
- Thacaigh Forbairt Shionainne le 18 dtionscadal infheistíochta, agus €4.7m á ghiaráil aici, agus chruthaigh sí 499 post nua i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne.
- Cuireadh Micrea-Airgeadas Éireann ar bun.
- Seoladh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide.
- Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh ar an gClár um Athchóiriú Caidrimh san Ionad Oibre
- Comhlíonadh an sprioc chun laghdú
- D'fhaomh GFT Éireann 144 tionscadal infheistíochta – bhí 23% díobh lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus de Chorcaigh
- Cuireadh treoirchlár don Mhol Nuálaíochta Sláinte ar bun i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh
- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar Chinneadh an Rialtais chun an múnla tacaíochta stáit do mhicreafhiontair agus do ghnólachtaí beaga in Éirinn a athstruchtúrú
- Síníodh Comhaontuithe Seirbhíse agus Meabhrán Tuisceana idir an Roinn agus Gníomhaireachtaí agus Oifigí
- Achtaíodh an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012
- Tháinig laghdú 13% ar líon na mbásanna san ionad oibre
- Shínigh an tUachtarán an tAcht Iomaíochta (Leasú) an 20 Meitheamh 2012

25% a bhaint amach san ualach riaracháin, rud a chuimsigh an dlí cuideachtaí, an dlí fostaíochta agus an dlí sláinte agus sábháilteachta

- Foilsíodh Bille na gCuideachtaí
- Seoladh an tuarascáil um Beartú Tosaíochta Taighde
- Dhíol cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann onnmhairí arbh fhiú €16.2 billiún iad – ba é sin an figiúr ba mhó riamh

Bord Bainistíochta

John Murphy, Ard-Rúnaí	
	Rannóg
Dermot Curran, Rúnaí Cúnta	Nuálaíocht agus Infheistíocht
Clare Dunne, Rúnaí Cúnta	Iomaíochas agus Poist
Philip Kelly, Rúnaí Cúnta	Seirbhísí Corparáideacha, Gnóthaí an AE agus Beartas Trádála
Breda Power, Rúnaí Cúnta	Tráchtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíocht
Martin Shanagher, Rúnaí Cúnta	Gnóthaí an Lucht Saothair
Martin D Shanahan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Forfás	

Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne

Tugann roinnt Oifigí agus Gníomhaireachtaí cúnamh don Roinn agus a cuid clár á soláthar aici.

Oifigí sa Roinn

1. Oifig na bPaitinní
2. An Binse Achomhairc Fostaíochta (EAT)
3. An Chúirt Oibreachais
4. An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA)
5. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO)
6. Cláraitheoir na gCara-Chumann (RFS)
7. Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE)

Gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne

1. Forfás
2. Fiontraíocht Éireann
3. An tÚdarás Forbartha Tionscail (IDA)
4. Idir-Thrádáil Éireann
5. Forbairt Shionainne
6. 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach (CEBanna)
7. An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)
8. Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)
9. An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC)
10. An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA)
11. An tÚdarás Iomaíochta
12. An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí (NCA)
13. Údarás Maoirseachta na hÉireann um Iniúchóireacht agus Cuntasaíocht (IAASA)
14. An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB)

Sprioc 1

Fiontraíocht a Chur Chun Tosaigh: *An tír bheag is fearr chun gnó a dhéanamh inti a dhéanamh d'Éirinn agus an tacaíocht is leithne agus is féidir laistigh den rialtas agus lasmuigh de a fháil chun an sprioc sin a bhaint amach.*

Chun an sprioc sin a bhaint amach, téitear i ndianteagmháil le Ranna eile ar raon saincheisteanna éagsúla ar fud an Rialtais agus ar leibhéal an AE, saincheisteanna atá ríthábhachtach maidir le rath na straitéise seo. Tá ról ceannaireachta ag an Roinn maidir le príomhchuspóirí an Rialtais, lena n-áirítear deiseanna fostaíochta a chruthú, ualach an rómhaorlathais a laghdú ar ghnólachtaí, tacaíochtaí fiontar, na cláir oibre thaighde agus nuálaíochta, beartas trádála, dúshláin iomaíochais, agus rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí.

Ar leibhéal an AE, tá ról tosaíochta agus comhordaithe ag an Roinn maidir le hIomaíochas, le Fostaíocht, le Gnóthaí Sóisialta agus le Comhairlí Trádála, agus í i gceannas ar ionadaíocht na hÉireann ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO), an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO), agus an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO). Baineann suntas ar leith lenár rannpháirtíocht ag leibhéal an AE i gcomhthéacs na n-ullmhúchán d'Úachtarántach na hÉireann ar an AE sa chéad leath de 2013.

Is baill den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad an tAontas Eorpach agus na 27 Ballstát den AE araon. Is é an Coimisiún Eorpach, nuair a fhaigheann sé údarú ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, a dhéanann ionadaíocht do leasanna an Aontais Eorpaigh agus a chuid ballstát san Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Trí Choiste na Comhairle um Beartas Trádála agus, ar deireadh, Coiste an AE um Ghnóthaí Eachtracha (Trádáil), arb í Comhairle Airí Trádála an AE í, glacann Éire páirt iomlán i seasamh an AE a cheapadh i leith saincheisteanna trádála agus infheistíochta san Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus in eagraíochtaí eile idirnáisiúnta. Leanann an Roinn le gnó na hÉireann agus leasanna eacnamaíocha na tíre ar fud an domhain a chur chun cinn go láidir i ngach gné d'oibríochtaí na hEagraíochta Domhanda Trádála.

Cuireann obair agus gníomhaíochtaí Fhiontraíocht Éireann (EI) go mór leis an sprioc sin a bhaineann le Fiontraíocht a Chur Chun Tosaigh a bhaint amach. Bhain cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann díolacháin churiarrachta onnmhairí €16.2bn in 2012. Tháinig fás suntasach ó mhargaí Mheiriceá Thuaidh agus na hÁise-an Aigéin Chiúin. Bhí fás 11% ar onnmhairí san earnáil neamhbhia, agus bhí méadú 2.3% ar onnmhairí san earnáil bia. Sheol an Ghníomhaireacht Rannóg um Onnmhaireoirí Féideartha nua chun freastal ar riachtanas na gcuideachtaí Éireannacha atá ag onnmhairiú den chéad uair.

Bhunaigh cliaint na Gníomhaireachta 383 láithreacht thar lear den chéad uair agus ghnóthaíodar 777 custaiméir idirnáisiúnta suntasach nua, agus d'aimsigh gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne 104 cliant idirnáisiúnta nua - baineadh an méid sin ar fad amach le cúnamh suntasach ó Fhiontraíocht Éireann. I measc na dtacaíochtaí a thugann Fiontraíocht Éireann do chuideachtaí luathchéime, tá an Ciste Nuálaíoch Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne (HPSU), atá dírithe ar ghnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne, an Ciste um Ghnólachtaí Nuathionscanta Idirnáisiúnta agus an Ciste um Thús Iomaíoch. In 2012, thacaigh an Ghníomhaireacht le 97 gnólacht nuathionscanta ardacmhainne, agus maoiniú €22m á fhaomhadh againn. Ina theannta sin, fuair 24 gnólacht nuathionscanta ardacmhainne infheistíochtaí leantacha arbh fhiú €6.46m iad. Fuair thart ar dháréag fiontraithe eachtracha maoiniú iomlán €5.94m chun gnólachtaí nua nó gnólachtaí luathchéime a bhunú in Éirinn, agus faomhadh maoiniú do 60 tionscadal luathchéime, arbh fhiú infheistíocht iomlán €3.1m iad, faoin scéim um Thús Iomaíoch.

Mar chuid d'iarrachtaí Fhiontraíocht Éireann cumas a fhorbairt i nGnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne (HPSU), sheol an Ghníomhaireacht Clár Fáis Luathaithe atá feabhsaithe. Cé go raibh sé bunaithe den chuid is mó ar an gclár píolótach a forbraíodh in 2011, fadaíodh é ina rannpháirtíocht 24 mí a mbeadh 41 príomhoifigeach feidhmiúcháin ónár gcohórt de chuideachtaí HPSU páirteach ann.

In 2012, dhírigh cláir forbartha cumais ar cheannaireacht agus ar straitéis, ar rath i ndíolachán agus i margaíocht idirnáisiúnta, agus ar iomaíochas níos fearr trí ghnó barainneach. Ghlac thart ar 295 feidhmeannach ó chliantchuideachtaí páirt i mórchláir forbartha bainisteoireachta, agus ghlac 716 feidhmeannach páirt i ngearrchláir. Sháraigh an dá chlár acu spriocanna do 2012.

D'fhorbair Fiontraíocht Éireann Tairiscint Ghnó Bharainnigh atá deartha go sonrach chun cabhrú le cliantchuideachtaí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iomaíochais. Ó seoladh an clár, bhain rannpháirtithe laghduithe costais amach ar fiú na milliúin euro iad agus mhéadaigh siad díolachán agus fostaíocht fhoriomlán. Is féidir rochtain a fháil ar an gclár ag trí leibhéal lena mbaineann dul chun cinn agus tiomantas méadaithe, bunaithe ar an gcumas atá ag cuideachtaí na huirlisí agus na teicnící gnó bharainnigh a ghlacadh chucu féin. Is iad sin LeanStart, LeanPlus agus LeanTransform. Thacaigh Fiontraíocht Éireann le 147 tionscadal gnó bharainnigh san iomlán le linn 2012. Ar aon dul le tionscnaimh ghnó bharainnigh de chuid Fhiontraíocht Éireann, d'fhorbair an Ghníomhaireacht freisin tairiscint Teicneolaíochta Glaine freisin, a sholáthraíonn faisnéis, comhairle agus maoiniú do chuideachtaí ionas gur féidir leo a gcuid feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú, a gcuid costais a laghdú agus rochtain a fháil ar mhargaí glasa.

Chomh maith leis sin, d'fhorbair Fiontraíocht Éireann Seirbhís Seiceála Folláine Cuideachta, bunaithe ar chóras tagarmharcála d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (SME) agus ar shonraí domhanda. Tugann sé sin léargas oibiachtúil do chliaint ar cé chomh maith is atá a gcuid iomaíochta agus cad iad a gcuid láidreachtaí agus laigí féin, rud a chabhraíonn leo réimsí nach mór díriú dóibh orthu a chur in ord tosaíochta.

Seoladh Ciste Fairsingithe Post Fhiontraíocht Éireann chun cabhrú le cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann fostaíocht mhéadaithe a bhaint amach trí dhíolachán agus trí thrádáil idirnáisiúnta a mhéadú. Cruthaíodh 3,338 glanphost i gcliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann sa bhliain 2012. Ba é sin an glanghnóthachan post ab airde do chuideachtaí Éireannacha ón

mbliain 2006. Tá an Ciste Fairsingithe Post deartha chun cuidiú le cliaint ar fiontair bheaga agus mheánmhéide iad agus atá ar an bhfód cheana fás a fheabhsú trí fhostaíocht mhéadaithe. Soláthraíonn an ciste tacaíocht deontais de suas le €150k le haghaidh fostaithe nua a earcú. In 2012, thug Fiontraíocht Éireann cistiú i gcomhair 56 tionscadal fairsingithe post (ar gealladh 627 post breise ina leith) dar luach €5.9m.

Lean na Boird Fiontar Contae agus Cathrach (CEBanna) le raon leathan tacaí a sholáthar don earnáil micreafhiontar trí leas a bhaint as leithdháileadh maoinithe caipitil €18.78m chun tacaí díreacha airgeadais a chur ar fáil do chuideachtaí nuathionscanta, d'fhairsingithe gnó agus do staidéir indéantachta agus trí thacaí 'boga', amhail meantóireacht, oiliúint agus comhairle gnó, a thairiscint ar mhaithe le hacmhainn a fhorbairt san earnáil. Bhain níos mó ná 28,000 rannpháirtí leas as cláir oiliúna na mBord Fiontar Contae agus Cathrach. I measc na gclár sin, bhí cúrsaí sainiúla arbh é ab aidhm dóibh leibhéil mhéadaithe fiontraíochta a chothú i measc na hóige, ban agus daoine scothaosta.

Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann tacaíocht airgeadais freisin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá bunaithe agus do chuideachtaí móra chun poist a chothabháil, chun fostaíocht a mhéadú nó chun a gcuid oibríochtaí a fhairsingiú. In 2012, d'fhaomh an Ghníomhaireacht 324 pacáiste tacaíochta €100k+ chun fiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí móra a bhunú. I gcás cuideachtaí atá ag pleanáil fairsingiú uaillmhianach a chruthóidh fostaíocht agus a fhásfaidh díolachán i margaí idirnáisiúnta, soláthraíonn Fiontraíocht Éireann Pacáistí Fairsingithe atá Oiriúnaithe don Chuideachta ar bhonn cáis ar chás. Is minic a chlúdaíonn na pacáistí sin sócmhainní caipitil agus cruthú post, T&F, oiliúint, forbairt bainistíochta agus comhairleoireacht. In 2012, thug Fiontraíocht Éireann cistiú i gcomhair 89 tionscadal fairsingithe post dar luach €34.53m. Ina theannta sin, thacaigh an Ghníomhaireacht le 11 thionscadal dar luach €3.32m trína Ciste um Poist a Chothabháil.

Sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012, gheall an tAire Bruton go bhfeabhsófaí rochtain ar fhaisnéis faoi na tacaí atá ar fáil do ghnólachtaí ó Ranna Rialtais, óna ngníomhaireachtaí agus ó chomhlachtaí poiblí agus go gcuirfí le hinfheictheacht na dtacaí sin Tháinig sé sin as an imní a bhí ar an Aire faoin easpa freagartha ón bpobal do Chúnamh Poist na gCoimisinéirí Ioncaim agus do Scéim Dreasachta ÁSPC na bhFostóirí.

Rinneadh raon de na tacaí, idir thacaí airgeadais agus thacaí neamhairgeadais, atá ar fáil ó Ranna Rialtais, ó Oifigí agus ó Ghníomhaireachtaí a shainaithint agus bhí siad ina mbonn don leathanach Gréasáin nua ar a liostaítear na tacaí atá ar fáil. Ba é aidhm na mbeart sin ná aird a tharraingt ar na tacaí atá ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí fás, táirgiúlacht a fheabhsú agus fostaíocht a chruthú, agus cuimsítear naisc dhíreacha le faisnéis mhionsonraithe ar gach ceann de na scéimeanna sin.

Tairbhí a bhaineann le Margadh Aonair

Le linn an chéad 20 bliain dó, bhí Margadh Aonair an AE chun tairbhe ollmhór do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí ar fud an AE. Chomh maith leis sin, tá acmhainn aici geilleagar an AE a threisiú go láidir sa todhchaí. Dá gcuirfí deireadh le gach ceann de na bacainní ar thrádáil laistigh den AE ar feadh tréimhse deich mbliana, tá sé réamh-mheasta go méadódh Olltáirgeacht Intíre an AE faoi 14%. Fuair an Coimisiún Eorpach amach go bhféadfaí Olltáirgeacht Intíre a mhéadú faoi 2.6% trí dheireadh a chur le srianta san earnáil seirbhísí.

Sa chomhthéacs sin, agus d'fhonn an bhéim a choinneáil ar an margadh aonair a fhorbairt agus a dhoimhniú, bhunaigh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta Coiste Idir-Rannach ar an Treoir maidir le Seirbhísí sa Mhargadh Inmheánach go luath sa bhliain 2012. Ba é cuspóir an Choiste ná comhordú níos fearr a chinntiú ar fud riarachán na hÉireann ar shaincheisteanna margaidh aonair roimh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2013 agus lena linn agus cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Seirbhísí a fheabhsú. Bhí an Fóram, a tháinig le chéile ocht n-uaire, ina acmhainn luachmhar maidir le seasamh comhordaithe na hÉireann i leith an Mhargaidh Aonair a fhorbairt agus leanfaidh sé le teacht le chéile chun cur chun feidhme na Treorach maidir le Seirbhísí a fheabhsú ar fud na n-earnálacha uile.

Chun comóradh 20 bliain an Mhargaidh Aonair a shonrú, rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta Comhdháil rathúil dar teideal: "An Eoraip a bheith chun tairbhe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide Éireannacha" a chomhóstáil i bPáirc an Chrócaigh an 1 Samhain 2012. Ba iad na príomhábhair a pléadh ná Rochtain a Fháil ar an Margadh Aonair, Rochtain ar Mhaoiniú, Fiontraíocht san Eoraip agus an Margadh Aonair don Ábhar Digiteach.

Trasuíomh Threoracha an AE

Rinneadh Scórchlár Margaidh Inmheánaigh an AE, ina dtuairiscítear ar fheidhmíocht na mBallstát maidir le trasuíomh Threoracha an AE, a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2012. Léiríodh sa Scórchlár gurbh ionann easnamh trasuímh na hÉireann maidir le trasuíomh Threoracha an AE agus 0.3%. Tá an t-easnamh sin go maith faoi bhun na sprice 1% atá leagtha síos do na Ballstáit go léir.

An Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO)

Shoiléirigh Cinneadh Rialtais i mí Iúil 2012 log na freagrachta as cúrsaí fostaíochta ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Chinn an Rialtas gurb í an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, i gcomhar le Ranna ábhartha eile, atá ar thús cadhnaíochta agus freagrach i ndáil le beartas fostaíochta. Tar éis an Chinnidh sin, bunaíodh Coiste Idir-Rannach sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta chun comhordú a dhéanamh ar ullmhúcháin d'obair na Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí i ndáil le cúrsaí fostaíochta agus beartais shóisialta. Rinneadh ballraíocht thrasrannach de Choiste Fostaíochta an AE (EMCO) agus dá fhochoistí (an Grúpa Ad Hoc agus an Grúpa Táscairí) a eagrú agus a chur i gcrích go foirmiúil de réir Chinneadh sin an Rialtais.

Tionóladh ceithre Chomhairle Fostaíochta agus Beartais Shóisialta fhoirmiúla (EPSCO) sa bhliain 2012 faoi Uachtaránacht na Danmhairge agus faoi Uachtaránacht na Cipire ar an AE. Ba iad na príomhthorthaí ó na Comhairlí ná gur thug na hAirí faomhadh do Mholtaí fostaíochta an Choimisiúin a Bhain go Sonrach le Tír Áirithe, gur thángthas ar chomhaontú ar pháirtchur chuige ginearálta i leith an Chláir um Athrú Sóisialta agus Nuálaíocht agus gur glacadh conclúidí na Comhairle maidir le dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha trí rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair agus sa tsochaí. Tháinig na hAirí ar chomhaontú freisin ar chur chuige ginearálta i leith Treorach lena dtugtar cosaint d'oibrithe ar na rioscaí féideartha a bhaineann le réimsí leictreamaighnéadacha.

Comhairle agus Fóram Aireachta na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

Ghlac an tAire Bruton páirt i gCruinniú Chomhairle agus Fhóram Aireachta na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta 2012. Ba é téama an chruinnithe sin "Gach duine ar Bord: Beartais le haghaidh Fás Cuimsitheach agus Post". Seoladh dhá mhórthionscnamh ag

Cruinniú na Comhairle Aireachta (Straitéis Scileanna agus Straitéis ar Fhorbairt de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta), agus cuireadh an chéad tuarascáil eatramhach ar Thionscnamh Inscne na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta i láthair freisin.

An Chomhdháil 'Poist don Eoraip'

Ag an mhórchomhdháil seo, a bhí eagraithe ag an gCoimisiún Eorpach ar bheartas fostaíochta faoin teideal "Poist don Eoraip", tháinig baill de Choiste Fostaíochta an AE, an Coiste Coimirce Sóisialaí, ceannasaithe Seirbhísí Fostaíochta Poiblí, ionadaithe do na parlaimintí náisiúnta agus comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE le chéile.

Chuir an chomhdháil leis an bPacáiste Fostaíochta a chuir an Coimisiún ar aghaidh an 18 Aibreán 2012, le torthaí an tSeimeastair Eorpaigh 2012, agus leis an tsraith comhdhálacha a d'eagraigh an Coimisiún le linn na bliana 2011 chun scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe nua de bheartas fostaíochta, go háirithe maidir le feidhmiú mhargaí saothair na hEorpa, forbairtí pá, solúbthacht agus socracht i gcomhthéacs géarchéime, agus éagothroime. Ghlac an tAire Bruton páirt i ndíospóireacht phainéil a bhain le "Dífhostaíocht a chomhrac i dtíortha an chláir".

An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO)

Chomhlíon Éire a dualgais tuairiscithe maidir le tuairisc a thabhairt ar choinbhinsiúin dhaingnithe sa bhliain 2012. D'fhreastail Oifigigh ón Roinn ar chruinnithe Chomhlachtaí Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair sa Ghinéiv i mí an Mhárta agus i mí na Samhna. Rinne siad ionadaíocht d'Éirinn freisin ag Comhdháil na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair i mí an Mheithimh. Labhair an tAire Seán Sherlock ag an gComhdháil le linn an tríú seachtaine ardleibhéil den Chomhdháil.

Uachtaránacht na hÉireann ar an AE 2013

Beidh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE (an 7ú hUachtaránacht dá leithéid) idir Eanáir agus Iúil 2013 ar cheann de na tionscadail is mó agus is dúshlánaí a bheidh roimh an Roinn go deo. Tugadh faoi dhianobair dhian ullmhú d'Uachtaránacht na hÉireann agus chun í a chomhordú. Ba le hathrú institiúideach agus riaracháin faoi Chonradh Liospóin a tugadh isteach formáid rollach na dtrí Uachtaránacht, ina gcomhaontaítear cláir choiteanna Uachtaránachta idir na Ballstáit is Uachtaráin atá ag teacht isteach feadh tréimhse 18 mí. D'fhág an fhormáid rollach go ndeachaigh

Éire go díreach i mbun an phróisis den chéad uair go luath sa bhliain 2012 (in éineacht le comhghleacaithe ón Danmhairg agus ón gCipir). Beifear ag súil go léireoidh Éire ceannaireacht i measc na dtrí thír, lena n-áireofar an Liotuáin (Iúil 2013-Nollaig 2013) agus an Ghréig (Eanáir 2014-Iúil 2014). Thug Airí agus Oifigigh Roinne faoi obair dhéthaobhach fhairsing le linn na bliana 2012, in éineacht le contrapháirtithe i mBallstáit eile agus i ngach institiúid ábhartha AE, go háirithe an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa. Mar chuid den ullmhúchán don Uachtaránacht, d'fhreastail an tAire ar chruinnithe an Choiste Aireachta um Ghnóthaí Eorpacha, atá faoi chathaoirleacht an Taoisigh.

Tá príomhfhreagracht ar an Roinn seo as trí fhoirmíocht Comhairle Airí mar seo a leanas:
An Chomhairle Iomaíochais (saincheisteanna Taighde, Tionscail agus Margaidh Inmheánaigh), an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) agus an Chomhairle Trádála. Faigheann na Comhairlí sin tacaíocht ó raon Grúpaí Oibre, Grúpaí comhairleacha agus Coistí Cur Chun Feidhme atá faoi chathaoirleacht na Comhairle agus an Choimisiúin, nó ó bhfuil baint acu leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún. Mar ullmhúchán d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, áit a mbeidh cathaoirleacht fhairsing ar ghrúpaí oibre ábhartha ag teastáil, d'fhreastail Oifigigh na Roinne ar na cruinnithe sin ar bhonn rialta le linn na bliana.

An Seimeastar Eorpach

Léiriú oibriú phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh 2020 sa chéad leath de 2012 go raibh cuid mhór léargais foghlama agus forbartha le tógáil go fóill ón bpróiseas. Thug Uachtaránacht na hÉireann a bhí ag teacht isteach aird ar na ceachtanna ar ghá iad a fhoghlaim ar mhaithe leis an bpróiseas a chuíchóiriú. Chun an aidhm sin a bhaint amach, bhuail an Uachtaránacht a bhí ag teacht isteach le raon páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear an Coimisiún, Ardrúnaíocht na Comhairle agus Cathaoirligh na gCoistí reachtúla éagsúla, le linn di ullmhúcháin a dhéanamh do phróiseas an tríú Seimeastar a bhainistiú sa bhliain 2013.

Dócmhainneacht

I mí na Nollag 2012, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a chuid tograí maidir le Rialachán Dócmhainneachta na hEorpa a thabhairt cothrom le dáta, rud lena ndéantar foráil do bhreithiúnais dócmhainneachta a aithint idir teorainneacha. Tugtar aghaidh sa Rialachán sin, lena ndéileáiltear faoi Fhoirmíocht Bhreithiúnais na Comhairle, ar dhócmhainneachtaí pearsanta agus ar

dhócmhainneachtaí corparáideacha araon. Ba é ról na Roinne seo ina leith sin ná a bheith ag obair leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar chásanna a bhain le dócmhainneachtaí corparáideacha.

Cothroime inscne ar bhoird

I mí na Samhna 2012, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a chuid tograí maidir le Treoir lena gcuirfí feabhas ar chothroime inscne ar bhoird chuideachtaí liostaithe. D'oibrigh an Roinn seo leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina leith sin, agus tacaíocht á tabhairt aici san idirbheartaíocht ar ghnéithe an dlí cuideachtaí den Treoir a bhí beartaithe.

Sprioc 2

Iomaíochas agus Rochtain ar Mhaoiniú a Fheabhsú:

An buntáiste iomaíochta atá riachtanach chun bheith mar bhonn agus thaca ag geilleagar rathúil beag agus oscailte a thabhairt ar ais.

Tá fás geilleagrach inbhuanaithe ag braith ar iomaíochas náisiúnta a choimeád. Tá iomaíochas na hÉireann ina phríomhchinntitheach maidir leis an gcumas atá againn earraí agus seirbhísí a dhíol ar an margadh domhanda agus maidir le hinfheistíocht isteach a mhealladh. Tá rochtain ar mhaoiniú riachtanach d'earnáil fiontraíochta dúchais atá láidir a fhorbairt agus d'fhilleadh ar fhás sa gheilleagar intíre. Tá sí ríthábhachtach freisin maidir le margaí iomaíocha a chur chun cinn ar fud na seirbhísí atá tábhachtach do ghnólachtaí agus maidir le rialáil níos cliste a chur chun tosaigh.

In Éirinn, tá bonn iomaíoch láidir againn a chuireann ar ár gcumas dul san iomaíocht ar mhargaí domhanda, tá bonn iomaíoch láidir againn d'infheistíocht a fháil ó chuideachtaí ilnáisiúnta ar mhaithe le poist a chruthú in Éirinn agus tá bonn iomaíoch láidir againn do na hearraí agus na seirbhísí a tháirgimid in Éirinn, rud a dhéanfaidh poist a chruthú agus a chothú freisin. Táimid tar éis titim síos na ranguithe éagsúla iomaíochais dhomhanda le blianta beaga anuas, go páirteach mar gheall gur rug tíortha eile céim orainn ar shaincheisteanna áirithe, ach go príomha mar gheall ar an éagothroime struchtúrtha a tháinig chun cinn sna deich mbliana roimhe agus mar gheall ar a dhoimhne a bhí an ghéarchéim mhaicreacnamaíoch a rinne an-dochar dár ngeilleagar beag

oscailte. Chuir an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais in iúl, áfach, go bhfuil Éire i bhfad níos iomaíche ó thaobh costais de ná mar a bhí sí sa bhliain 2008. De réir ranguithe Innéacs Iomaíochais Dhomhanda 2012-2013 ó Fhóram Eacnamaíochta an Domhain 20121, tháinig feabhas ar áit na hÉireann agus í sa 27ú háit (ón 29ú háit sa 2 bhliain roimhe sin), agus léiríodh i mBliainiris Iomaíochais Oibre na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Fhorbairt Bainistíochta 20122 go raibh Éire sa chéad fhiche tír arís (ón 24ú háit sa bhliain roimhe). Tá roinnt réimsí tábhachtacha ina bhfuil Éire ag barr an liosta dhomhanda, lena n-áirítear:

- an tionchar a imríonn rialacha infheistíochta dírí eachtraí ar ghnólachtaí;
- boilsciú;
- Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus aistriú teicneolaíochta;
- infhaighteacht lucht saothair ardoilte;
- solúbthacht agus inoiriúnaitheacht an lucht saothair; agus
- dreasachtaí infheistíochta.

Féachtar ar Éirinn freisin mar shuíomh an-inmhianaithe ó thaobh infheistíocht dhíreach eachtrach de. Deimhníodh in Innéacs Domhandaithe Ernst and Young 20113 go raibh Éire ar an dara náisiún is domhandaithe ar domhan ó thaobh Olltáirgeacht Intíre, agus go bhfuil sí fós ar an náisiún is domhandaithe sa domhan thiar. Cuirtear in iúl san Innéacs freisin go mbeidh sé sin amhlaidh go dtí an bhliain 2015 ar a laghad. Ina theannta sin, rangaítear Éire mar seo a leanas i dTuarascáil Treochtaí Láithreacha Domhanda IBM 20124:

- Sa chéad áit ar domhan maidir le hinfheistíocht isteach de réir cáilíochta agus luacha
- Sa chéad áit san Eoraip maidir le poist a chruthú i dTaighde agus Forbairt
- Sa chéad áit san Eoraip maidir le hinfheistíocht san earnáil Cógaisíochta
- Sa dara háit san Eoraip agus sa cheathrú háit ar domhan maidir le líon na bpost infheistíochta in aghaidh an duine.

Tá Éire tar éis bogadh chun tosaigh ar thíortha beaga eile, amhail an Bheilg agus an Nua-Shéalainn, sna ranguithe iomaíochais idirnáisiúnta is déanaí. Ní mór dúinn a chinntiú go

[1] Arna Eisiúint i mí Mheán Fómhair 2012

[2] Arna hEisiúint i mí na Bealtaine 2012

[3] Arna Eisiúint an 28 Eanáir 2012

[4] Arna hEisiúint an 20 Nollaig 2012

rachaimid i ngleic leis na réimsí eile sin inar féidir linn an tacaíocht is fearr a thabhairt dár bhfiontair agus dár muintir.

Rud is tábhachtaí fós, áfach, is ea gurb iad na tosca sin ina bhfuil Éire an-láidir ná acmhainn bhunúsach iomaíochais na hÉireann, na tosca tábhachtacha sin atá taobh thiar d'iomaíochas inbhuanaithe a bhaint amach sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus timpeallacht thacúil a bheith aici ina gcuirtear ar chumas fiontar gnó a dhéanamh go rathúil.

Léirítear i dTuarascáil Iomaíochais Choimisiún an AE 20125 go bhfuil feidhmíocht na hÉireann níos fearr ná meánfheidhmíocht an AE i bhformhór mór na dtáscairí iomaíochais a scrúdaíodh, lena n-áirítear maidir le táirgiúlacht an lucht saothair, ár sciar d'onnmhairí ardteicneolaíochta, déine fuinnimh an tionscail agus ár dtimpeallacht fhoriomlán gnó.

Tá na torthaí uile sin ina mbonn an-dearfach ar féidir cur leo de réir mar a leanann an Roinn, a Gníomhaireachtaí agus an Rialtas mór de bheith ag obair chun an aidhm a bhaineann leis *an tír bheag is fearr ar domhan chun gnó a dhéanamh inti* a dhéanamh d'Éirinn a bhaint amach. Tá siad freisin ina dtáscairí tábhachtacha maidir lena chinntiú go n-aisghnóthóidh Éire a hiomaíochas idirnáisiúnta, chun go mbeidh sí in ann dul san iomaíocht ar mhargaí domhanda maidir le díolachán onnmhairí a ghiniúint agus le tuilleadh infheistíocht isteach in Éirinn a mhealladh araon, rud a chuirfidh ar chumas cuideachtaí poist atá ann cheana a chothú agus poist nua a chruthú ar deireadh.

Is é is aidhm do chuid mhór de na gníomhartha atá á saothrú againn trí phróiseas an "*Phlean Gníomhaíochta do Phoist*" sa tréimhse 2012-2016 ná iomaíochas foriomlán na hÉireann a fheabhsú – costais a laghdú agus a chinntiú go bhfuil an timpeallacht fiontraíochta (rialáil, bonneagar, infhaighteacht scileanna) tacúil leis na cuideachtaí sin ar féidir leo poist a chothú agus a chruthú. Áirítear leis na gníomhartha sin infheistíocht Taighde agus Forbartha a chur in ord tosaíochta, bunaithe ar thacaíocht a thabhairt do thaighde atá mar bhonn agus thaca ag deiseanna sonracha a bhaineann go díreach le fiontraíocht agus le poist.

[5] Arna hEisiúint an 10 Deireadh Fómhair 2012

Tá tionscnamh tras-Rannach i bhfeidhm chun muirir Rialtais a laghdú nó a chalcadh nuair is féidir. Díríonn roinnt gníomhaireachtaí agus ranna ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn i measc gnólachtaí. Tá brú anuas á chur ar chostais dlí, mhíochaine agus chíosa. Tugadh faoi iniúchadh ar riachtanais cheadúnais ghnó agus rinneadh moltaí ina leith sin chun an t-ualach riaracháin a laghdú ar ghnólachtaí. Aithnítear i dTuarascáil Iomaíochais Choimisiún an AE 2012 go bhfuil gníomhartha á ndéanamh ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist chun feabhas a chur ar na réimsí easnaimh. Tagtar ar an gconclúid sa Tuarascáil freisin go bhfuil raon feidhme an Phlean agus an dóigh ar cuireadh tús le é a chur chun feidhme ina gcomharthaí dearfacha go bhfuil iarracht dhiongbháilte á déanamh againn na difríochtaí idir iomaíochas na n-earnálacha intíre agus ilnáisiúnta a laghdú.

Athchóiriú an Struchtúir maidir le Pá Reachtúil a Shocrú

Cuireadh tús leis an Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012 an 1 Lúnasa 2012. Rinneadh ollchóiriú suntasach san Acht ar chóras na gComhchoistí Saothair (JLC) agus an Chomhaontaithe Fostaíochta Cláraithe, a d'fhág go mbeadh sé ní ba chothroime agus ní ba shofhreagraí do chúinsí eacnamaíocha agus do dhálaí sa mhargadh saothair atá ag athrú. Mar aon leis na hathruithe reachtacha sin, laghdaíodh líon na gComhchoistí Saothair ó 13 cheann go 10 gcinn sa bhliain 2012.

Rochtain ar Mhaoiniú

Scéim Ráthaíochta Creidmheasa d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide

Tháinig an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus táthar ag súil go gcabhróidh sí le hiasachtaí breise ar fiú €150m iad a chur ar fáil do ghnólachtaí beaga i ngach bliain sna trí bliana atá le teacht. I gcás gach €150m d'iasachtaí breise, táthar ag súil go mbeidh an Scéim chun tairbhe do níos mó 1,800 gnólacht agus go gcruthóidh sí níos mó ná 1,300 post. Dírítear an Scéim ar ghnólachtaí a bhfuil acmhainn acu fás agus poist a chruthú, ach atá ag streachailt le creidmheas a rochtain de bharr go bhfuil easpa comhthaobhachta acu nó go n-oibríonn siad in earnálacha nach bhfuil cur amach ag na bainc orthu. Tá Banc na hÉireann, Bainc-Aontas Éireann agus Banc Uladh páirteach sa Scéim.

Caipiteal Síl agus Fiontair

Leagadh béim sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012 go mbeadh gá le maoiniú breise leantach ón Stát chun go bhféadfaí in ann cistí nua caipiteal fiontair a ardú sa timpeallacht idirnáisiúnta tiomsaithe caipiteal fiontair atá ann faoi láthair. Cuireadh grúpa oibre ar bun sa bhliain 2012 chun a fháil amach an mbeadh gá le tacaíocht leanúnach an Stáit sa réimse sin, ar na téarmaí céanna mar atá i réim san earnáil phríobháideach, le haghaidh córas intíre caipiteal fiontair a fhorbairt. Tháinig an grúpa sin ar an gconclúid go raibh údar le tacaíocht leanúnach an Stáit chun an earnáil Caipiteal Fiontair in Éirinn a fhorbairt.

Sa bhliain 2012, d'fhaomh bord Fhiontraíocht Éireann trí cheangaltas faoi thríú glao – agus an glao deiridh – ar léirithe spéise faoin Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair 2007-2012.

Caipiteal Fiontair

Tháinig roinnt infheistíochtaí suntasacha as an gcéad ghlao ar léirithe spéise faoi Chiste Nuálaíochta Éireann, lena n-áirítear €28.7m in Sofinnova Ventures, ar ciste idirnáisiúnta caipiteal fiontair chúram sláinte é. Cabhróidh an infheistíocht sin lena chinntiú go mbeidh rochtain ag cuideachtaí ardteicneolaíochta atá bunaithe i bpríomhearnálacha in Éirinn ar chistí caipiteal fiontair. Bhunaigh an gnólacht oifig Éireannach i mBaile Átha Cliath.

Seoladh dara glao ar léirithe spéise faoi Chiste Nuálaíochta Éireann i mí an Mhárta 2012. Tríd an dara glao sin, infheisteoidh an Rialtas, trí Fhiontraíocht Éireann, níos mó ná €60m i gcistí caipiteal fiontair a bhunaíonn láthair in Éirinn. Rinneadh measúnú ar thograí agus faomhadh roinnt díobh, agus fógrófar tuilleadh infheistíochtaí faoin gCiste sin roimh i bhfad.

An Scéim Caipiteal Forbartha

Is é is aidhm don Scéim Caipiteal Forbartha dul i ngleic leis an mbearna maoinithe do chuideachtaí dúchasacha meánmhéide ardfháis a bhfuil ionchais shuntasacha phost agus fáis onnmhairithe acu. Cuireadh an Scéim ar bun chun cistí a chruthú a d'infheisteodh idir €2m agus €5m i gcuideachtaí bunaithe meánmhéide trí bhíthin cothromais, cuasachothromais agus/nó fiachais.

I dtús báire sa bhliain 2012, leithdháil an Rialtas maoiniú Státchiste arbh fhiú €50m é, agus é mar aidhm aige infheistíocht ar fiú €100m eile í a ghiaráil ón earnáil phríobháideach. Leathnaíodh

an scéim bhunaidh i mí na Nollag 2012 agus leithdháileadh €25m eile ar an scéim. Is é is aidhm don leithdháileadh sin €50m eile a ghiaráil ón earnáil phríobháideach thar shaolré na scéime, rud a chuirfeadh maoiniú iomlán €225m ar fáil do ghnólachtaí dúchasacha meánmhéide a bhfuil ionchais shuntasacha ó thaobh fás post agus onnmhairí de acu.

Ciste Nuálaíochta Éireann

Cruthaíodh Ciste Nuálaíochta Éireann chun méadú a dhéanamh ar a infhaighte atá caipiteal riosca do chuideachtaí luathchéime agus ardfháis, agus tá sé mar chuid lárnach de straitéis Rialtas na hÉireann i leith téarnamh geilleagrach.

Is í Fiontraíocht Éireann, in éineacht le Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, a dhéanann bainistiú ar an Scéim um Chiste Nuálaíochta Éireann. Tugann an Scéim údarás d'Fhiontraíocht Éireann suas le €125m a ghealladh do chistí caipiteal fiontair a bhunaíonn láthair i margadh na hÉireann agus tugann sí gealltanas dleathach go meaitseálfaidh sí an infheistíocht a dhéanann Fiontraíocht Éireann i gcuideachtaí Éireannacha nó i gcuideachtaí a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu in Éirinn.

An Ciste Iasachta do Mhicreafhiontair

Tháinig an Ciste Iasachta do Mhicreafhiontair i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2012 chun rochtain ar chreidmheas a fheabhsú do mhicreafhiontair agus chun cabhrú le fás agus le leathnú gnólachtaí inmharthana ó gach earnáil tionscail ar fud na tíre, ar dhiúltaigh na bainc rochtain ar chreidmheas dóibh.

Cuireadh Micrea-Airgeadas Éireann (MFI) ar bun chun an Ciste Iasachta do Mhicreafhiontair a bhainistiú agus a rialú thar ceann an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Cuideachta phríobháideach theoranta a bhfuil Bord Stiúrthóirí agus stádas carthanachta aige is ea Micrea-Airgeadas Éireann. Is iad na daoine ar féidir leo iarratas a dhéanamh faoin Scéim ná gnólachtaí nuathionscanta agus micreafhiontair atá ann cheana (a thrádálann mar thrádálaithe aonair, mar chomhpháirtíochtaí nó mar chuideachtaí teoranta) ar diúltaíodh creidmheas bainc dóibh, a fhostaíonn níos lú ná deichniúr agus arb ionann a gclár comhardaithe agus láimhdeachas agus níos lú ná €2m.

Soláthraíonn an Scéim iasachtaí neamhurraithe ar fiú idir €2,000 agus €25,000 iad le haghaidh tograí atá inmharthana ó thaobh cúrsaí tráchtála de agus nach gcomhlíonann na gnáthchritéir

riosca a chuireann na bainc i bhfeidhm ar chúiseanna éagsúla, an easpa comhthaobhachta san áireamh. Gearrtar ráta seasta úis lena ngabhann ráta céatadánach bliantúil 8.8%. Maireann an téarma aisíocaíochta suas le cúig bliana agus gabhann sceideal aisíocaíochta míosúla leis. Is féidir iarratais a dhéanamh chuig an gCiste Iasachta trí ghréasán náisiúnta na mBord Fiontar Contae agus Cathrach nó go díreach chuig Micrea-Airgeadas Éireann. Cabhraíonn na Boird Fiontar le hoiliúint agus le pleananna gnó a ullmhú agus déanann siad measúnacht tosaigh ar chaighdeán an togra gnó sula gcuireann siad ar aghaidh é chuig Micrea-Airgeadas Éireann.

Sprioc 3

Forbairt Fiontraíochta agus Poist:Fás fostaíochta a uasmhéadú, go háirithe trí bhonn láidir fiontar dúchasach a fhorbairt, trí infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus trí ghréasáin trasfhiontair a fhorbairt.

Tá bonn rathúil fiontraíochta chun tairbhe don tsochaí trí fhás inbhuanaithe geilleagrach a chur ar fáil, trí fhostaíocht inbhuanaithe a chruthú, agus trí chaighdeáin mhaireachtála a ardú. Is é is aidhm don bheartas fiontraíochta in Éirinn timpeallacht thacúil a chur ar fáil do gach gnólacht, is cuma cé acu a bhíonn siad ag trádáil ar bhonn áitiúil nó ar bhonn onnmhairiúcháin. Áirítear leis an mbeartas sin tacaí díreacha agus indíreacha a sholáthar, de réir rialacha an AE maidir le Cúnamh Stáit, chun fiontair a bhfuil acmhainn onnmhairiúcháin acu, nó a d'fhéadfaí acmhainn onnmhairiúcháin a bheith acu, a chruthú, a mhealladh agus a fhorbairt.
Imríonn an Roinn ról tábhachtach maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt fiontar in Éirinn. Faigheann sí tacaíocht ina leith sin óna cuid gníomhaireachtaí, lena n-áirítear Forfás, Fiontraíocht Éireann (EI), GFT Éireann, na Boird Fiontar Contae agus Cathrach, Forbairt Shionainne, Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI).

An Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012

Agus é ag cur leis an rath a bhí ar an Tionscnamh Post 2011, sheol an Rialtas an Plean Gníomhaíochtaí do Phoist sa bhliain 2012 mar chéad tráthchuid de phróiseas ilbhliantúil uaillmhianach, arb é is aidhm dó
100,000 duine eile a chur i mbun oibre in Éirinn.

Is iad an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Forfás a chuir an Plean Gníomhaíochta do Phoist le chéile, tar éis dóibh dul i dteagmháil le gach Roinn eile an Rialtais agus le roinnt Comhlachtaí Stáit a imríonn ról i dtacaíocht a thabhairt d'fhiontair. Seoladh an Plean an 13 Feabhra 2012 agus is é an aidhm atá leis an timpeallacht oibriúcháin a bhunathrú do ghnólachtaí d'fhonn tacú le fás fiontar agus le cruthú fostaíochta. Bainfidh an Rialtas an cuspóir sin amach trí bhacainní ar iomaíochas a bhaint go córasach, trí bhrú anuas a chur ar chostais ghnó, trí nuálaíocht agus trádáil a chur chun cinn, trí thacú le gnólachtaí nua agus gnólachtaí atá ann cheana forbairt agus leathnú, agus trí thionchar na hinfheistíochta dírí eachtraí in Éirinn a dhoimhniú arís eile. Shainaithin an Rialtas sa Phlean Gníomhaíochta freisin roinnt príomhearnálacha inar féidir le hÉirinn buntáiste iomaíoch a bhaint amach i margaí domhanda. Agus é ag cur leis an rath a bhí ar an Tionscnamh Post 2011, sheol an Rialtas an Plean Gníomhaíochtaí do Phoist 2012 mar chéad tráthchuid de phróiseas ilbhliantúil uaillmhianach, arb é is aidhm dó 100,000 duine eile a chur i mbun oibre in Éirinn faoin mbliain 2016.

Is é a bhí sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist ná níos mó ná 270 gníomh aonair a bheadh le seachadadh sa bhliain 2012, a chuimsigh gach Roinn Rialtais agus 36 Gníomhaireacht Stáit. Briseadh na 270 gníomh síos arís eile i thart ar 480 cloch mhíle nó beart ráithiúil a dtugtar tuairisc ina leith ag deireadh gach Ráithe. Foilsítear na Tuarascálacha Ráithiúla Dul Chun Cinn ar shuíomh Gréasáin na Roinne, www.enterprise.gov.ie.

Is é cuspóir an Phlean Gníomhaíochta do Phoist an timpeallacht oibriúcháin a bhunathrú do ghnólachtaí d'fhonn tacú le fás fiontar agus le cruthú fostaíochta. Bainfidh an Rialtas an cuspóir sin amach trí bhacainní ar iomaíochas a bhaint go córasach, trí nuálaíocht agus trádáil a chur chun cinn, trí thacú le gnólachtaí nua agus gnólachtaí atá ann cheana forbairt agus leathnú, agus trí thionchar na hinfheistíochta dírí eachtraí in Éirinn a dhoimhniú arís eile. Shainaithin an Rialtas sa Phlean Gníomhaíochta freisin roinnt príomhearnálacha inar féidir le hÉirinn buntáiste iomaíoch a bhaint amach i margaí domhanda agus tairbhe a bhaint as fás fostaíochta.

Léirítear sa Tuarascáil Dul Chun Cinn don 4ú Ráithe de 2012 gur soláthraíodh go rathúil níos mó ná 90% de na gníomhartha ar tugadh fúthu le linn 2012. Áirítear leis na gníomhartha sin cuid mhór athchóirithe tábhachtacha arb é ab aidhm dóibh cur le hiomaíochas, rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, tacú le fiontraíocht agus fostaíocht a fhorbairt in earnálacha deise.

Baineadh roinnt cuspóirí suntasacha amach, lenar áiríodh:

- cuireadh Ciste Micrea-Airgeadais ar bun do ghnólachtaí beaga;
- tugadh scéim Ráthaíochta Páirtí Creidmheasa isteach;
- cuireadh tacaí nua ar fáil d'onnmhaireoirí céaduaire;
- seoladh clár nua Mná i mBun Gnó;
- rinneadh scéim Díolúine ÁPSC na bhFostóirí a shimpliú agus a leathnú;
- seoladh Plean Náisiúnta Leathanbhanda;
- tugadh faoi threoirchlár don Mhol Nuálaíochta Sláinte; agus
- rinneadh obair chun earnálacha amhail Néalríomhaireacht, Cluichí Digiteacha, Déantúsaíocht agus an Geilleagar Glas a fhorbairt

Ceann de na torthaí ó phróiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist is ea go bhfuil leibhéal comhair níos airde idir na Ranna Rialtais ann anois chun na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta a chomhlíonadh. Teastaíonn comhar tras-Rannach chun cuid mhór de na cuspóirí sin a bhaint amach. A bhuí le dianmhonatóireacht Roinn an Taoisigh ar na clocha míle Ráithiúla, bhíothas in ann a chinntiú go gcomhlíonfaí na cuspóirí in am.

I mórán cásanna, tógfaidh sé roinnt ama go dtí go n-aistreofar lántionchar na ngníomhartha sin go hiomlán ina bpoist. Beag beann ar an timpeallacht an-deacair eacnamaíoch sa tír seo agus thar lear, áfach, cruthaíodh líon suntasach glanphost sa bhliain 2012 i gcuideachtaí ar thacaigh Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann leo, ag cur leis na dea-thorthaí a tháinig chun cinn sa bhliain 2011 tar éis blianta leantacha inar cailleadh líon suntasach glanphost.

De réir an Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012, chuir Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann foireann ardbhainistíochta ar bun chun comhar a bhrú chun cinn ar phríomhthosaíochtaí cosúil leo seo a leanas:

- Fiontraithe isteach a mhealladh;

- Deiseanna soláthair le corparáidí ilnáisiúnta a uasmhéadú do ghnólachtaí Éireannacha; agus
- Grúpa nua cuideachtaí ceannródaíocha a chomhordú chun foghlaim idir comhghleacaithe a chur ar fáil do chuideachtaí Éireannacha.

Ina theannta sin, d'aontaigh Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann le scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun naisc a neartú arís eile, lena n-áirítear comhshocraíocht 'uchtála neamhfhoirmiúla' idir corparáidí ilnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide. Le linn na bliana 2012, rinne GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann dul chun cinn ar roinnt comhthionscadal.

Foinsiú Domhanda: Tá an tionscadal Foinsiú Domhanda ina mhór-réimse béime d'fhoireann Ardbhainistíochta Fhiontraíocht Éireann-GFT Éireann ó cuireadh ar bun é go luath sa bhliain 2012. Agus iad ag féachaint le haghaidh a thabhairt ar chuspóirí an Phlean Gníomhaíochta do Phoist, dhírigh an fhoireann ar ghrinnmheasúnú straitéiseach a dhéanamh ar na deiseanna a bhaineann le foinsiú domhanda agus ar straitéis chomhghníomhaireachta a fhorbairt chun na croíghníomhartha ar ghá d'Fhiontraíocht Éireann agus do GFT Éireann tabhairt fúthu a leagan amach ar mhaithe leis an gclár oibre sin a chur ar aghaidh.

Fiontraithe isteach a mhealladh

Gné thosaigh den obair a bhí á déanamh ag foireann Ardbhainistíochta Fhiontraíocht Éireann-GFT Éireann ba ea comhar éifeachtach a bhrú chun cinn idir na foirne faoi seach i bhFiontraíocht Éireann agus in GFT Éireann a bhí ag obair ar an gclár oibre a bhaineann le fiontraithe isteach agus le gnólachtaí atá ag teacht chun cinn. Áiríodh leis an gcomhar sin:

- Comhtheachtaireachtaí agus comhghiaráil a dhéanamh i leith comhthaobhacht mhargaíochta chun an teachtaireacht a chur in iúl gur áit den scoth do chuideachtaí luathchéime í Éire;
- Cuideachtaí infheistíochta a chomhroinnt agus cliaint fhéideartha a atreorú idir foirne i bhFiontraíocht Éireann agus in GFT Éireann.

D'fhonn tionchar an dá ghníomhaireacht a uasmhéadú, bhí tuilleadh comh-rannpháirtíochta in imeachtaí thar lear le linn na bliana 2012. Mar shampla, reáchtáladh comhimeachtaí arbh é ab aidhm dóibh fiontraithe agus gnólachtaí nuathionscanta a mhealladh go hÉirinn ag Disrupt San Francisco (imeacht de chuid TechCrunch) idir an 8 agus an 12 Meán Fómhair agus ag an imeacht "Le Web", a bhí ar siúl i bPáras i mí na Nollag.

Meantóireacht, uchtáil neamhfhoirmiúil agus foghlaim idir comhghleacaithe:

Thionóil an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta seisiún faisnéise don phreas i mí na Samhna 2012 chun cuntas a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh ar ghníomhartha fhoireann Ardbhainistíochta Fhiontraíocht Éireann-GFT Éireann, lena n-áirítear obair chun líonrú agus naisc níos mó a chur chun cinn idir cuideachtaí ilnáisiúnta agus cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach ar mhaithe le tacú le meantóireacht agus le foghlaim idir comhghleacaithe. Is é Accenture, cliantchuideachta de chuid GFT Éireann, a d'óstáil an t-imeacht. Tá Accenture ina shampla den dóigh ar féidir le mórchuideachta ilnáisiúnta dul i dteagmháil le cuideachtaí Éireannacha chun cumas soláthróirí a fhorbairt agus chun cur le rogha táirgí na cuideachta ilnáisiúnta chun tairbhe an dá chuideachta. Tá an clár rannpháirtíochta cliant le Accenture ag cabhrú le cliaint dul chun cinn a dhéanamh i margaí domhanda. Faoi dheireadh na bliana 2012, bhí níos mó ná 17 gcliant de chuid Fhiontraíocht Éireann i dteagmháil le Accenture agus táthar ag súil go sainaithneofar tuilleadh cuideachtaí in earnálacha eile chun dul i mbun an phróisis. Is iad seo a leanas roinnt de na torthaí tosaigh:

- Brite:Bill: Chuaigh Accenture i mbun comhpháirtíochta le Brite:Bill chun cliaint Accenture in aonáin phoist, oibreoirí fón póca agus rialtais ar fud an domhain a chur ar an eolas faoina réitigh nuálacha chur i láthair billí agus doiciméad.
- DataHug: Tá Accenture ag obair le DataHug chun rochtain a thabhairt dó ar a líonra domhanda. Baineann Datahug leas as an bhfaisnéis atá ag eagraíochtaí cheana féin trí na sonraí cumarsáide a thagann isteach sa ghnólacht agus a théann amach uaidh gach lá. Úsáideann sé innill anailísíochta chun a thaispeáint cé atá aithne acu ar a chéile agus cé chomh maith atá aithne acu orthu.

Beag beann ar thimpeallacht an-dúshlánach eacnamaíoch ar fud an domhain, bliain an-láidir ó thaobh infheistíocht dhíreach eachtrach ba ea an bhliain 2012. Le linn na bliana 2012, mhéadaigh líon na nglanphost i gcliantchuideachtaí GFT Éireann faoi 6,570 post go 152,785 post

(idir phoist lánaimseartha agus phoist pháirtaimseartha araon). Dá bharr sin, ba í sin an tríú bliain as a chéile inar tháinig méadú ar líon na bpost. Bhí caillteanais phoist i gcliantchuideachtaí GFT Éireann ag an leibhéal ab ísle le deich mbliana freisin. I gcás an chostais a bhaineann le post amháin a chothú, thosaigh sé ag laghdú freisin, tar éis ardú seasta teacht ar an gcostas i ngach ceann de na trí bliana roimhe.

Le linn na bliana 2012, bhain GFT Éireann 144 infheistíocht amach – 65 infheistíocht ainm nua, 56 tionscadal leathnaithe agus 23 tionscadal taighde, forbartha agus nuálaíochta. Tá scála agus tionchar na n-infheistíochtaí leathnaithe fós ag croílár de choinneáil post agus d'fhás sa gheilleagar san fhadtéarma - poist agus fás atá faoi réir infheistíocht dhíreach eachtrach. Cuireann GFT Éireann a lán iarrachtaí isteach agus cuireann sí a lán acmhainní ar fáil chun an bonn cliant atá ann faoi láthair a fhorbairt ar mhaithe le bunathrú leanúnach a bhaint amach trína Próiseas Forbartha Cliant. Baineadh leathnuithe suntasacha amach i measc mórchorparáidí ar fud na punainne le linn na bliana.

Straitéis GFT Éireann – Fís 2020

Ba í an bhliain 2012 an tríú bliain ó tugadh Straitéis GFT Éireann Fís 2020 isteach. Leagadh spriocanna ardleibhéil síos sa Straitéis. Ba iad sin, 62,000 post nua a chruthú (arbh é an tionchar geilleagrach a bheadh air 105,000 post a chruthú/a choinneáil) agus 640 infheistíocht a bhaint amach feadh na tréimhse cúig bliana idir 2010 agus 2014. Tar éis na chéad trí bliana den straitéis cúig bliana, tá GFT Éireann beagán chun tosaigh leis an sprioc, tar éis di 418 infheistíocht a bhaint amach, i gcodarsnacht leis an sprioc de 640 post (65.4%), agus sholáthair sí méadú de 36,332 post i líon na n-ollphost, i gcodarsnacht leis an sprioc de 29,350 post (+24%). I gcás glanphost, ar tomhas tábhachtach é, sholáthair GFT Éireann 13,594 post (arbh é an tionchar geilleagrach a bhí air 23,110 post a chruthú/a choinneáil) i gcodarsnacht leis an sprioc go soláthrófaí 6,350 poist laistigh de thrí bliana agus 25,000 post (54%) laistigh de chúig bliana.

An Tionchar Geilleagrach a Imríonn Infheistíocht Dhíreach Eachtrach

Ag deireadh na bliana 2012, bhí 152,785 duine ag obair i 1,033 cliantchuideachta GFT Éireann. Leanann na cuideachtaí sin le méid suntasach a chur le mórgheilleagar na hÉireann:

- Mhéadaigh onnmhairí ó chliantchuideachtaí GFT Éireann faoi 7.5% go €122.4b sa bhliain 2011 (de réir na sonraí is déanaí atá ar fáil). Ar an iomlán, b'ionann luach iomlán na n-onnmhairí ó chuideachtaí ilnáisiúnta (gach ceann acu faoi

úinéireacht eachtrach) agus €127.3b, ar mhéadú 7% ar an bhfigiúr do 2010 é. Tá cuideachtaí ilnáisiúnta freagrach anois as 76% de na honnmhairí ar fad.

- Chaith cliantchuideachtaí GFT Éireann €18.8b i ngeilleagar na hÉireann, ar mhéadú 10% ar an bhfigiúr do 2010 é. Áiríodh leis an gcaiteachas sin €18.8b:
    - Caiteachas párolla €7.367b, ar mhéadú ar an bhfigiúr €7b do 2010 é.
    - Caiteachas €1.787b ar ábhair a foinsíodh in Éirinn, ar mhéadú ar an bhfigiúr €1.5bn do 2010 é.
    - Caiteachas €9.7b ag cliantchuideachtaí GFT Éireann ar sheirbhísí a foinsíodh in Éirinn; ar mhéadú ar an bhfigiúr €1.2bn do 2010 é.

Cabhrú le Gnólachtaí Beaga

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an ngealltanas sin sa bhliain 2012, agus cuireadh measúnachtaí i gcrích i mí Aibreáin 2012 ar an tsraith de sheacht gclár a chuirtear ar fáil do ghnólachtaí beaga agus d'fhiontraithe trí Fhiontraíocht Éireann agus trí na Boird Fiontar Contae agus Cathrach. Cuireadh na measúnachtaí ar thacaí gníomhaireachta do chláir Thaighde, Forbartha agus Nuálaíochta (12 chlár san iomlán) i gcrích, a bheag nó a mhór, agus tabharfar chun críche iad go luath sa bhliain 2013. Le linn na measúnachtaí, déantar breithniú ar gach clár maidir leis na nithe seo a leanas:

- Feidhmíocht an chláir ar leith;
- Oiriúnacht an chláir maidir le comhlántachtaí agus/nó forluí le hidirghabhálacha eile sa chóras tacaíochta fiontraíochta; agus
- Feidhmíocht an chláir maidir leis an gcomhthéacs beartais fiontraíochta a bhí i bhfeidhm nuair a bhí an t-athbhreithniú á dhéanamh

Tríd is tríd, tá gach ceann de na cláir éifeachtúil, éifeachtach agus ar chomhréim le beartas náisiúnta. Tá cláir ar fáil do ghnólachtaí déantúsaíochta agus do ghnólachtaí seirbhísí araon agus is léir go bhfuil formhór na n-earnálacha páirteach iontu. I gcás déantúsaíochta, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil líon réasúnta íseal de ghnólachtaí innealtóireachta faoi úinéireacht eachtrach páirteach i gcláir Thaighde agus Forbartha, cé go bhfuil an idirghabháil oiriúnach dóibh agus ábhartha leo. Thug an fhianaise sin eolas don anailís a rinneadh chun an straitéis a fhorbairt le haghaidh déantúsaíochta. Cuirfidh an mheasúnacht ar na cláir Thaighde, Forbartha agus Nuálaíochta faisnéis bhunúsach ar fáil freisin chun eolas a thabhairt don straitéis amach anseo le haghaidh eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta in Éirinn.

Rinne Forfás anailís fhairsing ar an earnáil fiontar sóisialta in Éirinn agus i dtíortha eile, agus sainaithníodh dúshláin agus uaillmhianta na hearnála trí chomhairliúchán leathan poiblí le taighdeoirí, le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí, agus le cuid mhór díobh siúd a oibríonn san earnáil féin. Tugtar le fios sa tuarascáil gur féidir acmhainn neamhchomhlíonta na hearnála ó thaobh leathnaithe agus giniúint mhéadaithe fostaíochta de a bhaint amach trí raon beart a chur i bhfeidhm. I measc na mbeart sin: rochtain níos fearr ar sholáthar poiblí; bearta chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú; agus rialachas níos fearr laistigh d'fhiontair shóisialta.

Is iad mórthéarmaí tagartha an Ghrúpa Chomhairligh um Ghnólachtaí Beaga ná comhphlé struchtúrtha rialta a éascú idir an tAire um Ghnólachtaí Beaga agus ionadaithe ón earnáil gnólachtaí beaga ar shaincheisteanna a bhaineann leis an earnáil sin maidir le forbairt eacnamaíoch agus acmhainn fostaíochta na hearnála a chur chun cinn - agus aird á tabhairt ar na srianta atá forchurtha ar an airgeadas náisiúnta faoi láthair - agus pointí gnímh agus gníomhaíocht leantach a mholadh. Áirítear le ballraíocht an Ghrúpa Chomhairligh um Ghnólachtaí Beaga fiontraithe, ainmnithigh ó na príomhchomhlachtaí ionadaíocha do ghnólachtaí beaga agus oifigigh ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus ó ghníomhaireachtaí tacaíochta fiontar an stáit – Forfás, Fiontraíocht Éireann agus na Boird Fiontar Contae agus Cathrach.

Chuir an Grúpa Comhairleach um Ghnólachtaí Beaga raon leathan moltaí, inar díríodh ar an earnáil gnólachtaí beaga, faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta lena bhreithniú i bpróiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist. Roghnaíodh roinnt de na moltaí sin lena gcur san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012.

Idir-Thrádáil Éireann

Lean an Roinn de bheith ag tacú le dul chun cinn an gheilleagair uile-Éireann trí obair Idir-Thrádáil Éireann agus trí théama fiontraíochta Chlár Interreg IVA. Tá Idir-Thrádáil Éireann ar cheann de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. Le linn na bliana 2012, rinne Idir-Thrádáil Éireann tuarascálacha mionsonraithe dul chun cinn maidir lena clár oibre a chur i láthair ag dhá chruinniú na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas, san fhormáid earnála Trádála agus Forbartha Gnó. Chomhlíon Idir-Thrádáil Éireann a spriocanna don bhliain, agus leas á bhaint ag níos mó ná 3,000 gnólacht as cláir agus as líonraí

an Chomhlachta chun a gcuid inniúlachtaí gnó trasteorann a fhorbairt. Onnmhaireoirí céaduaire ba ea 67 ceann de na gnólachtaí sin, agus d'éirigh 92 gnólacht ina nuálaithe céaduaire mar thoradh ar pháirt a ghlacadh i gcláir Idir-Thrádáil Éireann. Chuir a cuid gníomhaíochtaí le 512 post a chruthú nó a chosaint in 2012. Lean cláir nua thacaíochta gnó a bhí á bpíolótú ag Fiontraíocht Éireann sa bhliain 2011 – Dúshlán Nuálaíochta, Elevate agus Tacaíocht FP7 – le bheith rathúil ó thaobh a bheith ag freastal ar riachtanais fiontar beag agus meánmhéide sa bhliain 2012. Lean cláir forbartha trádála trasteorann Idir-Thrádáil Éireann le hardán a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ó thuaidh agus ó dheas, chun a n-acmhainn onnmhairiúcháin a fhorbairt, rud a d'fhéadfadh onnmhairiúchán amach as an oileán a bheith mar thoradh air.

Interreg – téama fiontraíochta

Faoi chlár Interreg IVA an AE (2007-2013), chómhaoinigh an Roinn 28 tionscadal forbartha fiontraíochta do réigiún na teorann in éineacht lena contrapháirtí i dTuaisceart Éireann, agus maoiniú ar fiú £49m / €58m é á chur ar fáil againn. Le linn na bliana 2012, lean an Roinn le faireachán a dhéanamh ar na cláir sin agus bhí sí i dteagmháil le páirtithe leasmhara eile maidir le téamaí cuí don chéad bhabhta eile den chlár.

Bord Fiontar Cathrach agus Contae

Rinne an Roinn dul chun cinn suntasach sa bhliain 2012 maidir le Cinneadh an Rialtais i mí Aibreáin 2012 a chur chun feidhme. Is é a bhí i gceist leis an gcinneadh sin ná na Boird Fiontar Contae atá ann cheana a dhíscaoileadh agus múnla feabhsaithe náisiúnta tacaíochta mionfhiontar a chruthú, rud a sholáthrófaí trí na hOifigí Fiontar Áitiúla (LEOnna) a bheadh le bunú i ngach limistéar Údaráis Áitiúil.

D'éirigh go geal le Boird Fiontar Contae agus Cathrach (CEBanna) maidir le tacaí poist a chur ar fáil le linn an 20 bliain seo a chuaigh thart. Bainfidh struchtúr na nOifigí Fiontar Áitiúla leas as an gcultúr dearfach fiontraíochta a chruthaigh múnla rathúil na mBord Fiontar Contae agus Cathrach, agus cuirfidh sé leis an múnla sin, agus soláthróidh sé tacaí saincheaptha de réir na gcaighdeán is airde, arna dtagarmharcáil ag Fiontraíocht Éireann trína hIonad Barr Feabhais agus arna soláthar i gcomhpháirt leis na hÚdaráis Áitiúla trí Chomhaontú Seirbhíse.

Beidh na hOifigí Fiontar Áitiúla ar an gcéad áit a rachaidh fiontraithe nua agus micreafhiontair agus úinéirí gnólachtaí beaga atá ann cheana. Gheobhaidh na hOifigí Fiontar Áitiúla tacaíocht ó Ionad Barr Feabhais Fhiontraíocht Éireann, a bheidh freagrach as timpeallacht níos fearr a fhorbairt do ghnólachtaí beaga agus do mhicreaghnólachtaí agus as leas a bhaint as taithí Fhiontraíocht Éireann agus as an sainchur chuige earnála atá aici i leith nuálaíocht agus forbairt gnó.

Beidh na hOifigí Fiontar Áitiúla ar an bpríomhphointe fócais, áit ar féidir an fhaisnéis ar fad a bhaineann leis na tacaí Stáit atá ar fáil do ghnólachtaí beaga agus do mhicreaghnólachtaí a chur ar fáil agus ar féidir le cuideachtaí a bhfuil acmhainn shoiléir ardfháis acu a bhogadh go mear chuig an gcéad leibhéal eile tacaíochta trí iad a chur ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éireann.

Agus an tionscadal sin á chur ar bun, aithníodh go mbeadh sé tábhachtach grúpa leathan cur chun feidhme a bheith ann agus go mbeadh comhtháthú dearcaí éagsúla tábhachtach maidir le rath an tionscadail. Bunaíodh Grúpa Oibre Cur Chun Feidhme (IWG), faoi chathaoirleacht na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta (DJEI), dá bharr. Bhí an grúpa sin comhdhéanta d'ionadaithe uaidh seo a leanas: an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, na Boird Fiontar Contae, Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA) agus Fiontraíocht Éireann.
Na Príomhéachtaí roimh dheireadh na bliana 2012:

- Comhaontú Dréacht-Chinn Bhille (d'fhaomh an Rialtas dréachtú tosaíochta na reachtaíochta i mí na Samhna 2012)
- Cuireadh Rannóg nua um Micreaghnólachtaí agus Gnólachtaí Beaga ar bun i bhFiontraíocht Éireann
- Tar éis próiseas tairisceana, ceapadh cuideachta chun lógó nua agus brandáil ghaolmhar a dhearadh
- Tionscnaíodh comhairliúchán poiblí dhá mhí maidir leis na socruithe nua a chur chun feidhme
- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar Chreat-Chomhaontú Seirbhíse mionsonraithe (SLA).

Leagtar amach thíos sonraí ar líon na bpost a bhaineann leis na tacaí caipitil a chuir na Boird Fiontar Contae agus Cathrach ar fáil sa bhliain 2012

Staitisticí Fostaíochta na mBord Fiontar Cathrach agus Contae	Líon
Líon Iomlán na bPost ar Thacaigh Boird Fiontar Cathrach agus Contae leo - deireadh na bliana 2012	33,430
Líon Iomlán na bPost Lánaimseartha Nua a Chruthaigh Boird Fiontar Cathrach agus Contae sa bhliain 2012	256
Líon Iomlán na bPost Páirtaimseartha Nua a Chruthaigh Boird Fiontar Cathrach agus Contae sa bhliain 2012	769
Líon Iomlán na nGlan-Phost Nua a Chruthaigh Boird Fiontar Cathrach agus Contae sa bhliain 2012	640.5

Athchóiriú an tsoláthair

Áiríodh leis an bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2012 roinnt beart arb é ab aidhm dóibh cur chun feidhme a dhéanamh ar an ngeallltanas atá i gClár an Rialtais chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ar an soláthar poiblí. Áiríodh leis na bearta sin a chinntiú gur comhréireach atá na critéir cháilitheachta do chonarthaí poiblí, agus comhairle a chur ar ghnólachtaí maidir le conas is féidir leo feabhas a chur ar a rannpháirtíocht i bpróiseas an tsoláthair. Sholáthair roinnt comhlachtaí éagsúla na bearta sin, lenar áiríodh: Fiontraíocht Éireann, Idir-Thrádáil Éireann, an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (NPS), an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bíonn Fiontraíocht Éireann ag tacú go gníomhach lena cliantchuideachtaí ullmhúchán a dhéanamh do chonarthaí poiblí agus dul san iomaíocht ar na conarthaí sin. Shann an ghníomhaireacht 18 gComhairleoir chun bheith ag obair le cuideachtaí i bpróiseas an tsoláthair. Is é a ghabhann leis an tacaíocht sin ná an rannpháirtíocht duine le duine a dhéanann Foireann Soláthair Fhiontraíocht Éireann le cliantchuideachtaí. Le linn na bliana 2012, ghlac 697 cliant páirt in imeachtaí a d'eagraigh an Fhoireann Soláthair Phoiblí.

In éineacht leis an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair, tá Fiontraíocht Éireann ag spreagadh fiontair bheaga agus mheánmhéide ar cliaint iad clárú ar na suíomhanna Gréasáin eTenders.ie agus

Procurement.ie chun go bhfaighidh siad fógra faoi dheiseanna soláthair phoiblí atá ag teacht chun cinn. Tá an ghníomhaireacht páirteach freisin in imeachtaí "Buail leis an gCeannaitheoir", a thugann ceannaitheoirí ón earnáil phoiblí agus soláthraithe féideartha le chéile. Mar shampla, bhuail níos mó ná 500 soláthraí le raon ceannaitheoirí ón earnáil phoiblí ag ceann de na himeachtaí sin i gCill Chainnigh i mí Dheireadh Fómhair 2012, lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, an Garda Síochána, an Stiúrthóireacht Lárnach Soláthair, an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair, agus na Coistí Gairmoideachais (VECanna).

Tá Tionscnamh Nuálaíochta Soláthair ar cheann de na bearta atá ar áireamh sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ar dheiseanna soláthair phoiblí. Cothaíonn an tionscnamh sin cur chuige nua i leith an tsoláthair ar thaobh na nÚdarás Conarthachta trí iad a spreagadh tairiscint a chur ar réiteach ar riachtanas ar leith, gan a bheith ró-fhorordaitheach maidir leis an réiteach atá ann. Is é an cuspóir atá leis ná scóip níos fearr a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide nuálacha réitigh nua a chur ar fáil a d'fhéadfadh luach níos fearr a bhaint amach agus táirgí/seirbhísí níos éifeachtaí a chur ar fáil do na hÚdaráis Chonarthachta.

Ní gá go mbeifear in ann cur chuige an Tionscnaimh Nuálaíochta Soláthair a úsáid i ngach conradh poiblí. Is é an aidhm atá leis, áfach, roinnt tionscadail éagsúla ar fud na seirbhíse poiblí atá oiriúnach do réitigh níos nuálaí a sholáthar agus a d'fhéadfadh a bheith ina n-eiseamláirí don chur chuige sin a leathnú. Tar éis cruinniú comhchéime a d'óstáil an tAire Bruton i mí Aibreáin 2012, chuir roinnt Ranna agus gníomhaireachtaí in iúl go raibh fonn orthu páirt a ghlacadh sa Tionscnamh Nuálaíochta Soláthair sa bhliain 2012. I measc na Ranna agus na ngníomhaireachtaí sin, bhí an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA), an Roinn Cosanta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Bord Soláthair an Leictreachais, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an Garda Síochána agus An Post. Tá Fiontraíocht Éireann ag obair le Bord Gáis maidir lena fhóntas eatramhach Uisce Éireann chun tionscadail oiriúnacha a shainaithint lena gcuimsiú sa Tionscnamh Nuálaíochta Soláthair. Tá gach ceann de na hÚdaráis Chonarthachta ag obair le Fiontraíocht Éireann chun cur chuige i leith tairisceana a chur le chéile, rud a spreagfaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide réitigh nuálacha a chur isteach ar thionscadail ar leith.

Sprioc 4

Onnmhairí a Mhéadú:Tacaíocht a thabhairt d'fhiontair ar mhaithe le spriocanna dúshlánacha onnmhairiúcháin a bhaint amach

Tá fás atá faoi réir onnmhairí riachtanach chun gur féidir filleadh ar fhás inbhuanaithe geilleagrach agus sainaithnítear é mar phríomh-chomhpháirt de Chlár an Rialtais. Cruthaíonn onnmhairí deiseanna inbhuanaithe poist agus fás ioncaim do ghnólachtaí tharstu siúd atá ar fáil sa gheilleagar intíre agus a imríonn tionchar indíreach suntasach ar fud an gheilleagair ar fad ó thaobh post agus ioncam cánach de. I gClár an Rialtais, leagtar amach cur chuige comhtháite an Rialtais i leith trádáil, turasóireacht agus infheistíocht a fhorbairt agus deimhnítear roinnt spriocanna éagsúla atá le baint amach faoin mbliain 2015. Príomhchuspóir sa chlár is ea líon na bpost a bhaineann go díreach le fiontair onnmhairiúcháin a mhéadú faoi 150,000 post - i ndéantúsaíocht, i dturasóireacht agus i seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta - agus an líon céanna de phoist indíreacha a chruthú.

Sa chomhthéacs sin, bhunaigh Fiontraíocht Éireann Rannóg nua um Onnmhaireoirí Féideartha chun cuideachtaí a bhfuil acmhainn fáis acu a athdhíriú ón margadh intíre i dtreo an mhargaidh idirnáisiúnta. Seoladh treoirchlár nua chun comhar a mhéadú idir cuideachtaí Éireannacha agus

cuideachtaí ilnáisiúnta agus cuireadh tús freisin le clár idirnáisiúnta meantóireachta-comhairleachta a fhorbairt.

Mar is léir ón tionchar a bhí ag feidhmíocht rathúil onnmhairiúcháin na hÉireann, is féidir le trádáil a bheith ina hinneall cumhachtach chun fás agus cruthú fostaíochta a bhrú chun cinn. Sa bhliain 2012, chuir glanonnmhairí thart ar 1.5% le fás OTI, ag cruthú gníomhaíocht eacnamaíoch ríthábhachtach sa gheilleagar, rud a d'fhritháirigh tarraingt anuas na ngnéithe eile d'fhás geilleagrach, amhail tomhaltas agus infheistíocht, atá fós lag nó ag meath de dheasca na géarchéime eacnamaíche. Tá trádáil a mhéadú ar cheann den bheagán bealaí inar féidir fás geilleagrach a neartú gan leas a bhaint as an airgeadas poiblí, rud atá faoi shrian mór faoi láthair. Is dóigh go méadóidh an méid a chuireann éileamh seachtrach le fás geilleagrach arís eile amach anseo, toisc go bhfuiltear ag súil go nginfear 90% d'fhás domhanda geilleagrach sna 10-15 bliain amach romhainn lasmuigh den Eoraip, agus go nginfear aon trian den fhás sin sa tSín amháin.

Beartas Trádála

Tá beartas trádála ina chuid ríthábhachtach den tosaíocht atá ag an Roinn cabhrú le gnólachtaí onnmhairiú agus fostaíocht ar ardchaighdeán a chruthú agus cur le cuspóirí uaillmhianacha trádála idirnáisiúnta atá sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist. Réamh-mheastar go ndéanann gach €1m a dhíolann gnólachtaí dúchasacha i bhfoirm onnmhairí ceithre phost a chothú. Ar fud an AE, bíonn 30m post ag brath ar dhíolachán leis an gcuid eile den domhan, méadú 10m post ón mbliain 1995. Léiríonn sé sin cé chomh tábhachtach is atá trádáil dhomhanda d'Éirinn agus do líon an-mhór tomhaltóirí san AE araon, a gcuireann a gcuid cumhacht caithimh le rath méadaitheach ár n-onnmhaireoirí ar fud na hEorpa.

Le linn na bliana 2012, lean an AE lena chlár oibre uaillmhianach trádála déthaobhaí a luasghéarú agus a dhoimhniú. Mar chuid den chlár sin, baineann an-tábhacht leis an gcomhaontú ar tháinig Airí Trádála an AE air ag an gComhairle Trádála i Samhain na bliana seo caite chun cainteanna a thionscnamh ar Chomhaontú Saorthrádála (FTA) a bhunú leis an tSeapáin. Ina theannta sin, cuireadh idirbheartaíocht maidir leis na gnéithe earraí de Chomhaontú Saorthrádála le Singeapór i gcrích i mí na Nollag. Baineann an-tábhacht leis sin freisin toisc go bhfuil Singeapór ina bhealach i dtreo mhargaí ardfháis Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir-Theas (ASEAN) agus mar go bhfuil sé ina gheilleagar atá ag éirí níos tábhachtaí dúinn, go háirithe ó thaobh Seirbhísí de.

Inisealaíodh Comhaontú Cuimsitheach Domhain Saorthrádála (DCFTA) leis an Úcráin an 19 Iúil 2012, tar éis Comhaontú Comhlachais a inisealú leis an tír sin i mí an Mhárta. Cinneadh freisin dul i mbun idirbheartaíochta maidir le beart trádála a bhunú le Maracó.

Caidreamh eacnamaíoch idir an AE agus na Stáit Aontaithe

Ag Cruinniú Mullaigh AE-na Stáit Aontaithe i mí na Samhna 2011, chinn na ceannairí Meitheal Ardleibhéil um Fhostaíocht agus um Fhás (HLWG) a chur ar bun ar mhaithe le caidreamh eacnamaíoch idir an AE agus na Stáit Aontaithe a fheabhsú tuilleadh. Bhíothas ag súil go ndéanfadh an Mheitheal sainaithint agus measúnú ar gach ceann de na roghanna atá ann chun an caidreamh trádála agus infheistíochta idir an AE agus na Stáit Aontaithe a neartú, go háirithe sna réimsí sin a bhfuil an acmhainn is airde acu tacú le fostaíocht agus le fás. Sa tuarascáil eatramhach uaithi, a eisíodh an 19 Meitheamh 2012, tháinig an Mheitheal Ardleibhéil ar an réamhchonclúid go mbeadh comhaontú cuimsitheach trádála agus infheistíochta trasatlantaí, dá mbeifí in ann teacht air, ar an rogha ab fhearr ó thaobh a bheith ag tacú le fostaíocht agus ag cothú fáis agus iomaíochais trasna an Atlantaigh.

Cabhrú le Margaí a Choinneáil Oscailte

Leanann an Roinn lenár leasanna trádála straitéisí a chur chun cinn go réamhghníomhach ar fud gach gné de chlár trádála agus infheistíochta idirnáisiúnta an AE. Cé go ndearnadh iarracht ar leith cur ar chumas na hÉireann an margadh is fearr a fháil ó chomhaontuithe idirnáisiúnta trádála déthaobhaí a chabhróidh lenár n-onnmhaireoir rochtain níos éasca a fháil ar mhargaí fáis, bhíomar gníomhach freisin maidir le haghaidh a thabhairt, trí Choiste Comhairleach Rochtana Margaidh an AE, ar na bacainní trádála aonair a tháinig chun cinn le linn na bliana. Rinne roinnt baic thrádála nua a tháinig chun cinn difear d'onnmhaireoirí ar leith nó dóibh siúd a oibríonn i bpríomhearnálacha, amhail gnó talmhaíochta nó margaí teicneolaíochta eitlíochta. Baineann an Roinn leas as an acmhainn sin go gníomhach chun cabhrú le dul i ngleic le bacainní trádála nach féidir a shárú trí Chomhaontuithe Saorthrádála.

Lean an Roinn le Scéimeanna Fionraíochta Taraifí agus Cuótaí an AE a chur chun cinn agus a riar. Fágann na scéimeanna sin gur féidir dualgais faoin gComhtharaif Custaim (CCT) a fhionraí ar onnmhairiú táirgí áirithe i gcásanna ina mbunaítear nach féidir le tionscal an AE soláthairtí an táirge ná táirgí ionadacha oiriúnacha a fháil laistigh den AE. Sa bhliain 2012, d'fhreastail ionadaí ón Roinn ar shé chruinniú de chuid Ghrúpa Ceisteanna Taraife Eacnamaíche an AE, grúpa a

dhéanann breithniú ar iarratais arna gcur isteach ag na Ballstáit go léir. Sa bhliain 2012, chuir cuideachtaí Éireannacha 13 iarratas isteach.

Léirscaoileadh Domhanda Trádála agus Clár Oibre Forbartha Doha (DDA)

Ceanglaíonn Ráiteas Straitéise na hÉireann faoi Thrádáil, Thurasóireacht agus Infheistíocht go réidh le beartas trádála an AE - Fás Trádála agus Gnóthaí Domhanda - a foilsíodh ag druidim ar dheireadh 2010. Ciallaíonn an beartas sin rannpháirtíocht dhírithe ar chinneadh a idirbheartú ar chainteanna trádála na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO) atá ar siúl le fada (Babhta Doha nó DDA) chomh maith le cinneadh a dhéanamh ar shaorthrádáil agus ar chomhaontuithe eile a bhaineann le trádáil le comhpháirtithe eacnamaíocha tábhachtacha faoi choimirce an WTO nó bainteach léi.

Díospóireachtaí ar chomhaontuithe trádála, ar léirscaoileadh trádála domhanda i gcomhthéacs Bhabhta Doha na hEagraíochta Domhanda Trádála nó ar bhealaí éagsúla a úsáid chun deiseanna dár n-onnmhaireoirí a mhéadú, tá siad nasctha go díreach le beartais iomlána tacaíochta fiontar na Roinne agus a Gníomhaireachtaí.

Tar éis aontachas foirmiúil Mhontainéagró, Vanuatú, Shamó agus, níos tábhachtaí fós, na Rúise, i 2012 mhéadaigh líon na mball den Eagraíocht Dhomhanda Trádála go 157 ball ag deireadh na bliana. An comhpháirtí trádála is mó de chuid na Rúise is ea an tAontas Eorpach agus is margadh eochairthosaíochta é do roinnt mhaith dár n-onnmhaireoirí. Ba cheart go mbeadh roinnt mhaith buntáistí onnmhairiúcháin ag gabháil le haontachas na Rúise don WTO dár n-onnmhaireoirí a bhfuil spéis acu sa mhargadh sin mar go dtiteann taraifí agus go laghdaítear bacainní eile ar rochtain mhargaidh.

I 2012, d'fhreastail oifigigh na Roinne ar 550 cruinniú a bhain leis an WTO. Áiríodh leo sin cruinnithe comhordúcháin an AE agus cruinnithe gaolmhara, mar aon le roinnt mhaith seisiúin oibre de chuid an WTO. Áirítear leis na seisiúin oibre sin eochairthéamaí an léirscaoilte trádála (Rochtain Mhargaidh Neamhthalmhaíochta, Seirbhísí agus Talmhaíocht) faoi Bhabhta reatha na gcainteanna trádála domhanda ar a dtugtar Babhta Doha agus obair leathan an WTO a bhaineann le hÉascú Trádála, le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil, le hAthbhreithnithe ar Bheartas

Trádála, le Díospóidí agus leis an gComhaontú Teicneolaíochta idirnáisiúnta, chomh maith le tosú na gcainteanna ar chomhaontú idirnáisiúnta nua a chlúdaíonn trádáil i seirbhísí idirnáisiúnta.

Onnmhairí 2012

I 2012, shroich onnmhairí na hÉireann leibhéal curiarrachta de thart ar €182b. Ba é sin an tríú bliain i ndiaidh a chéile ina raibh fás onnmhairí ó bhliain go bliain. Bhí onnmhairí seirbhíse ar thús an fháis i 2012 agus sháraigh onnmhairí €90b, arbh ionann é agus méadú 11% ó 2011. Bhí barrachas in onnmhairí seirbhísí den chéad uair riamh. Seirbhísí Ríomhairí ba ea an phríomhchatagóir de Sheirbhísí a onnmhairíodh. B'ionann a luach agus breis agus €35b agus ba iad ba chúis le 40% d'onnmhairí Seirbhíse. Bhí bliain churiarrachta ag onnmhairí marsantachta i 2012, nuair a shroich siad €92b, beagnach. Arís, bhí barrachas ollmhór de €43b, beagnach, inár dtrádáil Mharsantachta.

Ba iad táirgí Míochaine agus cógaisíochta (€24.4b) agus ceimiceáin Orgánacha (don earnáil chógaisíochta go príomha) (€20.1b) na príomhchatagóirí d'onnmhairí marsantachta. B'ionann an dá chatagóir sin agus chóir a bheith leathchuid de na honnmhairí marsantachta go léir. Ba iad seo na príomhchinn scríbe le haghaidh Onnmhairí Marsantachta i 2012: SAM (20%), an Ríocht Aontaithe (17%), an Bheilg (15%), an Ghearmáin (8%), an Eilvéis (6%) agus an Fhrainc (5%). Bhí an tSín freagrach as 2.4% de na honnmhairí marsantachta san iomlán.

Bhain cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann díolacháin churiarrachta onnmhairí €16.2b in 2012. Tháinig fás suntasach ó mhargaí Mheiriceá Thuaidh agus na hÁise-an Aigéin Chiúin. Bhí fás 11% ar onnmhairí san earnáil neamhbhia, agus bhí méadú 2.3% ar onnmhairí san earnáil bia.

Imeachtaí Trádála Thar Lear

I 2012, threoraigh Airí ón Roinn roinnt Misin Trádála thar lear go SAM (Texas agus an Cósta Thiar), go dtí an Fhionlainn, an tSualainn, an Fhrainc, an tSeapáin agus Ceanada. I mí an Mhárta 2012, chuaigh an tAire Bruton in éineacht leis an Taoiseach ar Mhisean Trádála straitéiseach go dtí an tSín. De bhreis air sin, d'fhreastail Airí ón Roinn ar imeachtaí trádála agus líonraithe thar lear, lena n-áirítear imeachtaí a chuireann leasanna na hÉireann sna hearnálacha bogearraí agus seirbhísí airgeadais chun cinn, agus threoraigh Airí ó Ranna eile Misin Trádála chun cur chun cinn a dhéanamh ar roinnt earnálacha a dhíríonn ar onnmhairí atá ríthábhachtach maidir lenár mianta fáis agus cruthú fostaíochta.

Rialú Onnmhairí

Príomhsprioc de chuid na Roinne is ea onnmhairí a mhéadú agus, dá bhrí sin, is neamhghnách atá rialuithe agus srianta ar an trádáil idirnáisiúnta. Cé go leagtar amach sa tuarascáil seo na bearta a glacadh chun fás onnmhairiúcháin a bhaint amach, gabhann bearta leo chun onnmhairiú sábháilte agus freagrach na n-earraí agus na teicneolaíochta rialaithe a chinntiú.

Tá na ceisteanna sin atá mar bhunús do rialuithe onnmhairí an-tábhachtach don Roinn – is iad sin, ceisteanna a bhaineann le slándáil, le cobhsaíocht réigiúnach agus le cearta an duine. Is éard atá i rialú onnmhairí ná réimse ina n-imríonn sprioc straitéiseach na Roinne um thacú le trádáil agus í a éascú ról tábhachtach. Cinntíonn sé go bhfreastalaítear go speisialta ar an onnmhairiú earraí íogaire i gcomhthéacs cosaint a dhéanamh ar phrionsabail an AE agus ar na prionsabail dhomhanda atá mar bhonn agus thaca ag rialuithe onnmhairí. Agus onnmhaireoirí á n-éascú agus iad ag leathnú agus ag forbairt gníomhaíochtaí domhanda in earnálacha ardteicneolaíochta, baineann tábhacht ar leith lena chinntiú go bhfuil an leibhéal cuí ceadúnúcháin i bhfeidhm i ndáil le honnmhairí dé-úsáide agus le hearraí agus le teicneolaíochtaí eile.

D'eisigh an Roinn 855 ceadúnas onnmhairiúcháin in 2012. Cuimsíonn an figiúr sin 704 ceadúnas de-úsáide aonair, 22 ceadúnas dé-úsáide domhanda agus 129 ceadúnas míleata. Déantar staitisticí ar líon agus ar luach na gceadúnas onnmhairiúcháin a fhoilsiú ó am go chéile ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

Sprioc 5

Rialáil:

Na margaí, lena n-áirítear na margaí fostaíochta, a dhéanamh níos éifeachtaí trí rialáil níos cliste a spreagann nuálaíocht, iomaíocht ghéar, ardchaighdeáin chomhlíonta agus cosaint tomhaltóirí ach gan costais rialacháin nach bhfuil gá leo.

Is cuid bhunúsach de thairiscint iomaíoch na hÉireann í timpeallacht rialála atá ag feidhmiú go maith, láidir agus comhréireach. Léiríonn staitisticí tagarmharcála idirnáisiúnta go leagann Éire ualach cuíosach íseal rialála ar ghnó agus go bhfuil timpeallacht rialála na hÉireann ar cheann de na timpeallachtaí is forásaí agus is tacúla d'fhiontraíocht.

Caithfear tacú le timpeallacht éifeachtach agus cuiditheach trí rialáil níos fearr ar ghnó, iomaíocht agus cearta an tomhaltóra a chur chun cinn, rialú iomchuí ar fhiontair, a chinntiú go ndéantar cearta fostaíochta a chosaint agus a chinntiú go ndéantar dea-bhainistiú ar chomhchaidreamh sa láthair oibre, lena n-áirítear córas feidhmithe an Stáit a bheith i gcomhchaidreamh sa láthair oibre. Tugann tuilleadh feabhais agus nuachóirithe ar an timpeallacht rialála deis d'Éire forbairt a dhéanamh ar bhuntáiste iomaíoch a chothóidh agus a spreagfaidh fás ar fhiontraíocht ar bhonn inbhuanaithe. Tá roinnt Oifigí agus Gníomhaireachtaí ag an Roinn le sainchúram rialála, is iad sin, an tÚdarás Iomaíochta, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA), Oifig an Stiúrthóra um Fhorghníomhú Corparáideach (ODCE), an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO), Cláraitheoir na gCara-chumann (RFS), Údarás na hÉireann um Maoirseacht, Iniúchóireacht agus Cuntasaíocht (IAASA), an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA), an Binse Achomhairc

Fostaíochta (EAT), an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC), an Chúirt Oibreachais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HAS), Oifig na bPaitinní, agus Aonad Méadreolaíochta Dlíthiúil an NSAI. Téann an Roinn féin i mbun feidhmeanna rialála a dhéanamh freisin, lena n-áirítear ceadúnú easpórtála agus Ceadanna Fostaíochta.

D'fhonn an sprioc sin a bhaint amach i 2012, rinneadh dul chun cinn ar an reachtaíocht seo a leanas maidir le Cuideachtaí:

Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2012, Uimh. 22 de 2012

Déantar foráil san Acht seo do mhéadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leo (GAAP) de chuid SAM a ndéantar foráil dóibh in Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 le máthairghnóthais ábhartha a úsáidfidh na forálacha sin ó na blianta airgeadais a chríochnaíonn an 31 Nollaig 2015 ar a dhéanaí, go dtí na blianta airgeadais a chríochnaíonn an 31 Nollaig 2020 ar a dhéanaí. Ceadaítear úsáid na forála ar an mbonn nach sáraíonn cur i bhfeidhm na bprionsabal sin agus cuntais an ghnóthais á n-ullmhú ceann ar bith d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí ná aon rialacháin a dhéantar faoi.

Chomh maith leis sin, síntear san Acht an tréimhse a bhféadann an tAire rialacháin a dhéanamh ina leith, faoi Acht 2009, lena sainítear an úsáid caighdeán idirnáisiúnta cuntasaíochta aitheanta eile, ó na blianta airgeadais a chríochnaíonn an 31 Nollaig 2015 go dtí na blianta airgeadais a chríochnaíonn an 31 Nollaig 2020 ar a dhéanaí agus ina leith. Síníodh an tAcht isteach sa dlí an 4 Iúil 2012.

Bille na gCuideachtaí 2012

Le Bille na gCuideachtaí, daingnítear na 16 cinn d'Achtanna na gCuideachtaí atá ann cheana in aon acht amháin agus tugtar isteach raon athchóirithe a laghdóidh an t-ualach riaracháin agus a éascóidh tuiscint ar oibleagáidí dhlí na gcuideachtaí. Foilsíodh an Bille, atá ar an bpíosa substainteach reachtaíochta is mó i stair an Stáit, an 21 Nollaig 2012 agus rachaidh sé tríd an Oireachtas le linn 2013.

Ar na hathchóirithe i mBille na gCuideachtaí tá foráil a cheadóidh do chuideachtaí príobháideacha beaga iarratas a chur faoi bhráid na Cúirte Cuarda le go gceapfaí scrúdaitheoir in ionad iarratas a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte mar is amhlaidh an scéal faoi láthair. Táthar ag súil gurb éard a bheidh sa toradh láithreach ar an athrú sin ná costais níos ísle agus tuilleadh inrochtaineachta do chuideachtaí beaga príobháideacha ar an bpróiseas scrúdaitheoireachta.

Tugadh roinnt Ionstraimí Reachtúla isteach i 2012 agus cuirtear san áireamh iad sa liosta in Aguisín 3 den Tuarascáil seo. Áirítear leo leasuithe nár mhór a dhéanamh ar na Rialacháin lenar trasuíodh treoracha an AE um margaí airgeadais i ndlí na hÉireann. Bhí na leasuithe ag teastáil chun cur san áireamh a dhéanamh ar chinntí a rinne Airí Airgeadais an AE ag Comhairle na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (ECOFIN) i 2010 chun bonneagar na margaí airgeadais a leasú. Mar chríoch, ghlac an Roinn páirt in idirbheartaíocht chun creat an AE um dhlí na gcuideachtaí a leasú.

An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2012

Shínigh an tUachtarán isteach sa dlí é seo an 20 Meitheamh 2012. Neartóidh an tAcht seo forfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí in Éirinn. Chomhlíon sé sin gealltanas tábhachtach faoi Chlár an AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn.

Laghdú ar Rómhaorlathas arna Fhorchur ag an Rialtas ar Ghnó

Rinne an Roinn an-dul chun cinn air sin agus baineadh laghdú 25% ar ualaí riaracháin amach sna réimsí a bhaineann leis an Dlí Fostaíochta, le Dlí na gCuideachtaí agus leis an Dlí Sláinte agus Sábháilteachta; b'ionann sin agus coigilteas bliantúil féideartha do ghnó agus beagnach €208m. Ina theannta sin, chomhordaigh an Roinn an tomhas agus an laghdú tras-Rialtais ar ualaí riaracháin i dtreo sprioc 25%; amhail deireadh 2012, is é 19% nó €289m an laghdú iomlán, lena n-áirítear an laghdú 25% a bhain an Roinn seo amach.

Déanann suíomh Gréasáin nua, (www.businessregulation.ie) a seoladh i mí an Mheithimh 2012, cur ar fáil ar fhoinse faisnéise aonair do ghnóthais maidir le conas na ceanglais rialála arna bhforchur ag breis agus tríocha comhlacht Rialtais a chomhlíonadh. Cabhraíonn an tairseach sin le gnóthais na príomhrialacháin a bhaineann leo a shainaithint agus laghdaíonn sí an gá le cuardach trí leathanaigh éagsúla ar shuíomhanna Gréasáin éagsúla trí níos mó ná 150 nasc ar leith chuig faisnéis, treoir agus sonraí teagmhála a chur ar fáil d'úsáideoirí. Leanann an Roinn ar aghaidh ag poibliú na tairsí, lena n-áirítear trí chomhimeachtaí gnó agus cumarsáide le Ranna agus

Gníomhaireachtaí eile. Cuireadh imeacht amháin den chineál sin ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2012 i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus le cúig Ghníomhaireacht eile; tá tuilleadh imeachtaí beartaithe don todhchaí.

Tacú le Comharchumainn

Le héifeacht ó mhí Dheireadh Fómhair 2012, rinneadh laghdú idir 33% agus 80% ar na táillí a ghearrtar ar chumainn thionsclaíocha agus choigiltis (comharchumainn) agus gnó á idirbheartú acu le Cláraitheoir na gCara-chumann. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na táillí go léir a ghearrtar ar chomharchumainn ar chomhréim leo siúd a ghearrtar ar chuideachtaí anois, rud a laghdaíonn na bacainní airgeadais ar chomharchumann a bhunú. Chomh maith leis sin, shocraigh an rialachán lenar socraíodh na táillí nua táillí iomchuí le haghaidh Comharchumann Eorpach a bhunú.

Athchóiriú ar Sheirbhísí an Stáit um Chaidreamh san Ionad Oibre

Cuireadh tús le hathchóiriú ar Sheirbhísí an Stáit um Chaidreamh san Ionad Oibre. Soláthróidh an Clár Athchóirithe struchtúr dhá shraith um Chaidreamh san Ionad Oibre trí chumasc a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Údaráis Náisiúnta Chearta Fostaíochta, an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, an Bhinse Comhionannais agus ar fheidhmeanna chéad chéime an Bhinse Achomhairc Fostaíochta agus na Cúirte Oibreachais i gComhlacht Chéad Chéime nua, ar a dtabharfar an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre. Ionchorprófar feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc Fostaíochta i gCúirt Oibreachais mhéadaithe.

Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas i 2012:

- Cuireadh Oifig Clár thiomanta, a bhfuil pearsanra na Roinne mar fhoireann, i bhfeidhm chun soláthar na n-athchóirithe a bhrú chun cinn
- Bunaíodh tairseach theagmhála aonair (Seirbhísí do Chustaiméirí le haghaidh Caidrimh san Ionad Oibre)
- Seoladh suíomh Gréasáin eatramhach um chaidreamh san ionad oibre
- Tugadh foirm ghearáin idirghníomhach aonair isteach
- Foilsíodh *Treoirphlean maidir le hAthchóiriú ar Sheirbhísí um Chaidreamh san Ionad Oibre* an 5 Aibreán 2012
- Thosaigh an Treoir-Sheirbhís Luath-Réitigh a hoibríochtaí i mí na Bealtaine 2012

- Tugadh faoi Athbhreithnithe Próiseas Gnó ar oibríochtaí agus ar ghníomhaíochtaí na gComhlachtaí um Chaidreamh san Ionad Oibre ar fud 2012

- I mí Iúil 2012, cuireadh tús le soláthar le haghaidh suíomh Gréasáin deiridh do Chaidreamh san Ionad Oibre (a chuirfí isteach in ionad an tsuímh eatramhaigh agus na 5 Chomhlacht um Chaidreamh san Ionad Oibre) agus bronnadh conradh i mí Lúnasa. Tugadh faoi obair dhearaidh ar an suíomh Gréasáin nua go dtí mí na Nollag 2012
- Cuireadh tús leis an bpleanáil maidir leis an CRMS beartaithe (Réiteach um Bainistíocht Caidrimh Chustaiméirí) le haghaidh caidrimh san ionad oibre i mí Iúil 2012
- D'fhaomh an Rialtas aistriú an Bhinse Comhionannais chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an 18 Nollaig 2012 agus bhí an t-aistriú ar siúl ón 1 Eanáir 2013
- Cuireadh méid suntasach oibre i gcrích le linn 2012 ar ullmhú an Bhille um Chaidreamh san Ionad Oibre lena dtabharfar éifeacht reachtúil leis na moltaí Athchóirithe. I mí Iúil 2012, d'fhoilsigh an tAire cáipéis bheartais - *Legislating for a World Class Workplace Relations Service* - a cuireadh faoi bhráid Choiste an Oireachtais um Poist, Fiontair agus Nuálaíocht d'fhonn deis luath a thabhairt don Choiste an reachtaíocht a mhúnlú. Threoraigh an tAire idirphlé dearfach leis an gCoiste ar bhonn na cáipéise seo. Lean an Roinn ar aghaidh ag dul i dteagmháil le hOifig an Ard-Aighne i 2012 chun dul chun cinn a dhéanamh ar dhréachtú an Bhille.

Cómhargáil

Cuimsíonn Clár an Rialtais gealltanas go ndéanfar athchóiriú ar an dlí reatha maidir le ceart na bhfostaithe chun páirt a ghlacadh i gcómhargáil (an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2001), lena chinntiú go gcomhlíonann an Stát breithiúnais a rinne Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine le déanaí. I mí na Nollag 2012, scríobh an tAire Bruton chuig páirtithe leasmhara lena mbaineann ag iarraidh aighneachtaí ar an ábhar.

Prótacal Náisiúnta um Maoin Intleachtúil

Foilsíodh Prótacal Náisiúnta nua um Maoin Intleachtúil (IP) i 2012, mar aon le Beartas agus Treoirlínte Náisiúnta nua um Maoin Intleachtúil. Bunaíodh Lár-Oifig um Aistriú Teicneolaíochta laistigh d'Fhiontraíocht Éireann, a bheadh ar an gcéad phointe teagmhála le haghaidh rannpháirtíocht tionsclaíochta leis an gcóras taighde. Trí na bearta nua sin, beidh sé níos éasca tráchtálú a dhéanamh ar smaointe a fhorbraítear trí thaighde a mhaoinítear go poiblí, a fhaigheann maoiniú iomlán de níos mó ná €80m sa bhliain faoi láthair, agus poist a chruthú as na smaointe sin.

Acht na bPaitinní (Leasú) 2012

Cuireadh tús le hAcht na bPaitinní (Leasú) 2012 an 3 Meán Fómhair 2012. Leis an Acht, déantar cur chun feidhme ar athruithe reachtaíochta atá ag teastáil chun ligean d'Éirinn aontú do Chomhaontú Londan maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 65 den Choinbhinsiún um an bPaitinn Eorpach. Déantar foráil sa chomhaontú sin do riachtanais aistrithe shimplithe le haghaidh paitinní Eorpacha. Is iad na buntáistí do nuálaithe Éireannacha ná nach mbeadh ar infheisteoirí Éireannacha ag iarraidh cosaint paitinní aistriúcháin de shonraíochtaí paitinne a chomhdú go dtí an pointe céanna atá ag teastáil faoi láthair. Beidh sé sin ina bhuntáiste díreach maidir le costais laghdaithe chun cosaint paitinne a fháil sna tíortha sin ar páirtithe iad i gComhaontú Londan. Éilítear formheas Rialtais chun aontú don Chomhaontú a fháil, agus iarrfar sin le linn 2013.

Córas Paitinní Aonadacha agus Cúirt Aontaithe Paitinní

I mí na Nollag 2012, thángthas ar chomhaontú ar "pacáiste paitinne", is é sin, tionscnamh reachtaíochta a chuimsíonn dhá Rialachán agus Comhaontú idirnáisiúnta lena leagtar síos an obair thosaigh le haghaidh cosaint paitinní aonadacha ar fud an AE. Leanadh ar aghaidh leis an obair sin i 2013 ar mhaithe leis an gcomhpháirt deiridh den "pacáiste paitinne" a chur i gcrích i.e. síniú na Cúirte Aontaithe Paitinní.

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara), 2012

Déantar éascú le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara) ar tugadh éifeacht dóibh i mí Iúil 2012 ar fhorfheidhmiú sárú cóipchirt trí shoiléireacht dhlíthiúil a chur ar fáil d'fhonn faoiseamh urghaire a iarraidh in aghaidh idirghabhálaithe a bhfuil a seirbhísí á n-úsáid ag tríú páirtí chun cóipcheart a shárú. Leis na Rialacháin, freagraítear do Threoir an AE maidir le Cóipcheart agus deimhnítear gan aon amhras gur féidir faoiseamh roimh na Cúirteanna a iarraidh do dhaoine éagóraithe a líomhnaíonn gníomhaíocht sárú cóipchirt.

Athbhreithniú ar Chóipcheart

Le linn 2012, lean an Coiste Athbhreithnithe neamhspleách ar Chóipcheart a bunaíodh i 2011 ar aghaidh lena scrúdú ar reachtaíocht reatha maidir le cóipcheart chun sainaithint a dhéanamh ar aon réimsí a d'fhéadfaí a mheas mar bhacainní ar nuálaíocht. De bhreis ar chéim chomhairliúcháin tosaigh, d'fhoilsigh an Coiste Páipéar Comhairliúcháin cuimsitheach i mí Feabhra

2012 roimh chomhairliúchán níos cuimsithí i mí an Mhárta 2012 d'fhonn plé leathan ar shaincheisteanna a tháinig aníos sa chéim Chomhairliúcháin a éascú. Tháinig thart ar 180 aighneacht as an gcomhairliúchán deireanach. Ardaíodh roinnt saincheisteanna casta agus substainteacha sna haighneachtaí sin agus tá an Coiste ag obair lena chuid oibre a chur i gcrích agus lena Thuarascáil deiridh a fhoilsiú i 2013.

Na Rialacha nua um Paitinní, Trádmharcanna agus Dearaí (Táillí) (Leasú), 2012, agus na Rialacháin um Dhearaí Tionsclaíocha (Leasú), 2012

Leis na rialacha agus na rialacháin leasaithe nua, déantar foráil do phróiseas níos soláimhsithe d'úinéirí cearta IP atá ag iarraidh a gcearta IP a chosaint in Éirinn trí tháillí áirithe a laghdú agus trí chuíchóiriú an struchtúir tháillí a bhaineann le paitinní, le trádmharcanna agus le dearaí tionsclaíocha. Trí na hathruithe, cuirtear Éire ar chomhréim le nósanna imeachta agus táillí Eorpacha agus domhanda, rud a laghdóidh an costas agus a chabhróidh go mór leis an lucht gnó, agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe, maidir le cosaint a gceart IP in Éirinn.

Sláinte agus Sábháilteacht

Laghdú ar líon na mbásanna san ionad oibre arna dtuairisciú: tháinig laghdú ar líon na mbásanna san ionad oibre a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, ar Gníomhaireacht de chuid na Roinne seo í, ó 54 bás i 2011 go 48 bás i 2012 – arb ionann é agus laghdú 13%.
Tharla an líon ab airde básanna sna hearnálacha ardriosca um thalmhaíocht agus um thógáil. Is earnálacha iad sin ar dhírigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta aird ar leith orthu, agus ina ndearna sé an líon ab airde cigireachtaí ar aon dul le cur chuige riosca-bhunaithe an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta um leithdháileadh acmhainní.
Tá ciall le dea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta ó thaobh gnó de. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé le hiomaíochas, feabhsaíonn sé caidreamh le hoibreoirí agus, dáiríre, tá ról tábhachtach aige i bhfiontar rathúil. Tá mórán gnóthas in Éirinn, bíodh siad dúchasach nó ilnáisiúnta, ag cur béim ar dhea-chleachtas i sláinte agus sábháilteacht mar chroí a straitéise fiontair.

Is é is aidhm do bheartas um dhea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta agus rialú ceimiceán ná tacú le sábháilteacht, sláinte agus leas ceirde a neadú mar chuid dhílis de ghnó a dhéanamh i ngach ionad oibre in Éirinn agus a chinntiú nach bhfuil tionchar ag an déanamh agus an úsáid

ceimiceán in Éirinn ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol. Soláthraítear an beartas sin trí bhonn reachtaíochta atá láidir ach cothrom, lena dtacaíonn córas forfheidhmithe comhlíonta agus riosca-bhunaithe a fheidhmíonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta. Díríonn an córas sin go príomha ar thimpistí san ionad oibre trí threoir agus thacaíocht a chur ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe chun cur ar a gcumas a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, tugann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta treoir agus tacaíocht do ghnólachtaí Éireannacha maidir le láimhseáil shábháilte ceimiceán.

An tUalach riaracháin sláinte agus sábháilteachta ar ghnóthais bheaga a laghdú

I 2012, lean an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta lena iarrachtaí tacú le gnóthais bheaga a n-oibleagáid um shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a chomhlíonadh trína thionscnamh 'Aire a Thabhairt do Ghnó'. Uirlis ar líne saor in aisce is ea 'BeSMART' atá deartha chun cuidiú le laghdú a dhéanamh ar chostais do ghnóthais bheaga agus ar an ualach riaracháin orthu agus iad ag comhlíonadh a n-oibleagáidí dlíthiúla faoin Acht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 2005. Leanadh ar aghaidh lena cur i bhfeidhm agus, de réir meastacháin reatha, is ionann coigilteas féideartha d'earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide ar fad agus thart ar €60-65m ón tionscnamh seo. Féach www.besmart.ie chun tuilleadh sonraí a fháil.

Go luath i 2012, sheol an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta tairseach aonair cheadúnúcháin agus fógraí le haghaidh sláinte agus sábháilteacht cheirde agus ceimiceán ar a shuíomh Gréasáin. Féach www.hsa.ie chun tuilleadh sonraí a fháil.

Rialáil Ceimiceán

Is comhpháirt thábhachtach iad tionscal na gceimiceán agus na hearnálacha a bhaineann leis i ngeilleagar na hÉireann, agus b'ionann earnálacha cógaisíochta/ceimiceán agus TFC na hÉireann agus 58.3% agus 7.8% faoi seach d'easpórtálacha marsantachta na hÉireann i 2012. Éilíonn Rialacháin an AE amhail REACH (Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) agus Rangú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) obair leanúnach ag leibhéal an AE ar fhorfheidhmiú, athbhreithniú agus leasú. Déanann an Roinn freastal ar na héilimh seo le tacaíocht shaineolach ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. D'oibrigh an Roinn agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta go dlúth le chéile i 2012 le hiarracht a dhéanamh ar uasmhéadú a dhéanamh ar an tacaíocht a sholáthair an tÚdarás do lucht déantúsaíochta, iompórtála agus úsáideora deiridh na hÉireann de réir mar a d'oibrigh cuideachtaí leis na dualgais reatha rialála a chomhlíonadh

agus d'ullmhaigh siad don chéad spriocdháta eile do chlárúchán REACH, is é sin, an 1 Meitheamh 2013.

I 2012, leanadh le hobair ar Cheadanna Fostaíochta a nuachóiriú maidir leis an ullmhú atá á dhéanamh ar reachtaíocht nua um Cheadanna Fostaíochta lena ndéanfar soláthar do thuilleadh solúbthachta agus d'ionstraimí spriocdhírithe mar thaca le riachtanais scileanna agus tosca geilleagracha an gheilleagair atá ag éabhlóidiú. D'fhormheas an Rialtas Cinn an Bhille i mí Aibreáin 2012 agus, le linn 2012, bhí an Roinn i dteagmháil le hOifig na nDréachtóirí Parlaiminte (OPC) chun dul chun cinn a dhéanamh ar dhréachtú an Bhille.

Ceadanna Fostaíochta

D'fhonn cabhrú le líonadh a dhéanamh ar na bearnaí eochairscileanna (nach féidir a líonadh laistigh den LEE) trí cheadanna fostaíochta a eisiúint, thosaigh an Roinn athbhreithniú ar cheithre phríomhcineál cead fostaíochta - Cártaí Glasa, Aistrithe Inchuideachta, Ceadanna Oibre agus Ceadanna Céilí/Cleithiúnach chun a chinntiú go dtugann siad aghaidh ar na bearnaí eochairscileanna atá ann agus chun tréchur agus cáilíocht na n-iarratas ar cheadanna fostaíochta a fheabhsú. Chomh maith leis sin, d'fhéach sí ar bhealaí chun an próiseas cáipéisí a athchóiriú chun éifeachtachta, chun an t-am a thógann sé d'iarratasóirí iarratas rathúil a ullmhú a laghdú, agus chun amanna próiseála a laghdú. Comhlíonadh an sprioc 15 lá den chuid ba mhó le haghaidh fhormhór na gcineálacha cead fostaíochta.

I 2012, eisíodh 4,007 Cead Fostaíochta dá raibh 2,919 ceann ina gceadanna nua agus 1,088 ceann ina gceadanna athnuachana.

Ceadanna Fostaíochta arna bPróiseáil

Bliain	Arna eisiúint			Arna dhiúltú	Arna tharraingt siar	Ag fanacht le próiseáil (riaráiste)	Ceadanna Beo atá ann Cheana Féin
	Nua	Athnuachan	Iomlán				
2012	2,919	1,088	4,007	829	246	179	14,245
2011	3,184	2,016	5,200	1,007	201	377	16,265
2010	3,394	3,877	7,271	990	199	999	18,987

Sprioc 6

Nuálaíocht: *Straitéis nuálaíochta ag a bhfuil bonn leathan a fhorbairt le go mbeadh ár bhfiontair níos iomaithí*

Tá infheistíocht straitéiseach in eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht ar cheann de thosaíochtaí infheistíochta bonneagair an Rialtais. D'fhonn toradh a fháil ar infheistíocht sa réimse seo, caithfear aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna mar riosca ghnólachta nuathionscanta, nuálaíocht a neadú ar fud an gheilleagair, an gá le comhoibriú idir tionsclaíocht agus soláthraithe taighde agus an gá le torthaí taighde agus nuálaíochta a thabhairt chun an mhargaidh. Caithfidh Éire geilleagar a fhorbairt a mbíonn cáil air maidir le hardtáirgiúlacht agus ard-nuálaíocht. Is é atá mar threoirphrionsabal leis an aidhm seo ná go bhfuil barr feabhais i dtaighde agus in aistriú go haschur eacnamaíochta mar phríomhinneall le luas a chur faoi théarnamh geilleagrach na hÉireann agus le fás inbhuanaithe a bhaint amach.

D'fhonn an sprioc sin a bhaint amach is gá dúinn coinneáil a dhéanamh ar na caighdeáin Taighde ar oibrigh Éire go dian chun iad a bhaint amach, tacú le nuálaíocht i bhfiontair dhúchasacha Éireannacha agus forbairt a dhéanamh ar acmhainn nuálaíochta san earnáil FDI. Áiríonn sé freisin a chinntiú go dtacaíonn an

timpeallacht gnó le nuálaíocht, agus iarracht ar iniúchadh a dhéanamh agus leas a bhaint as naisc idirnáisiúnta.

Beartú Tosaíochtaí Taighde

I dTuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochtaí Taighde, a foilsíodh i mí an Mhárta 2012, moladh 14 réimse deise agus cuireadh tacú faoi theicneolaíochtaí agus faoi bhonneagar chun tacú leis na réimsí tosaíochta sin. Ba cheart go bhfaigheadh siad an chuid is mó den infheistíocht phoiblí in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (STI) sna 5 bliana romhainn. Moladh sa tuarascáil freisin roinnt beart a bhí ag teastáil chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais STI d'fhonn tacú leis an mbeartú tosaíochtaí a chur chun feidhme. I 2012, chomhaontaigh an Rialtas glacadh le moltaí na tuarascála mar chuid iomlán de sprioc bheartas an Rialtais agus le hailíniú fhormhór na hinfheistíochta poiblí STI leis na 14 réimse deise sa todhchaí. Tá cur chun feidhme an bheartaithe tosaíochtaí taighde á bhrú chun cinn ag an nGrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochtaí (PAG), a ndéanann an tAire Taighde agus Nuálaíochta, Sean Sherlock TD cathaoirleacht agus treorú polaitíochta air, le tacaíocht ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ó Forfás. Forbraíodh Pleananna Gníomhaíochta do gach ceann de na 14 réimse tosaíochta, chomh maith le Creat um Méadracht agus Spriocanna le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na hinfheistíochta poiblí STI.

I mí na Nollag 2012, tar éis fhormheas an Rialtais, foilsíodh an Bille um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú), 2012. Leis an mBille, méadaítear téarmaí tagartha Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) le go gcuirtear san áireamh iontu taighde feidhmeach a mhaoiniú de bhreis ar a téarmaí tagartha reatha chun taighde bunúsach dírithe a mhaoiniú. Chomh maith leis sin, athraítear réimsí tosaíochta mhaoiniú SFI leis an mBille i dtreo réimsí lena bhfuil an acmhainn is mó le haghaidh fhás geilleagrach agus iomaíochas na hÉireann. Is réimsí iad sin a sainaithníodh sa Chleachtadh Náisiúnta um Beartú Tosaíochtaí Taighde. Is é is aidhm don Bhille freisin méadú a dhéanamh ar thacaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann d'fheabhas taighde ar bhonn uile-oileáin agus deiseanna a chur ar fáil le go méadaíonn Éire comhoibriú taighde ar leibhéal leathan uile-Eorpach.

D'fhorbair an Grúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochtaí Taighde Beartas Náisiúnta nua um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht don tréimhse idir 2013 agus 2017, chun taighde agus

nuálaíocht atá sármhaith a chur chun cinn i réimsí tosaíochta ar son an tionchair eacnamaíoch agus shochaíoch is mó, go sonrach trí chur le fás geilleagrach inbhuanaithe, trí fhostaíocht a chosaint agus a mhéadú; agus trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha. Ghlac an Grúpa Pleananna Gníomhaíochta freisin do na ceithre réimse tosaíochta dhéag a mholtar sa Tuarascáil Náisiúnta um Beartú Tosaíochtaí Taighde do 2011, d'fhonn maoiniú taighde phoiblí iomaíoch a athailíniú thart ar réimsí tosaíochta sna cúig bliana romhainn.

Is é an beartas reatha an toradh geilleagrach agus sochaíoch ar ár n-infheistíocht STI a luathú, go háirithe maidir le poist inbhuanaithe, agus an leibhéal feabhais i dtaighde in Éirinn a choinneáil. Tá roinnt tionscnamh á gcur i bhfeidhm ar fud an Rialtais mar thaca leis an straitéis seo. Féachann cur chun feidhme mholtaí an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochtaí Taighde ar fud Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Rialtais le huasmhéadú a dhéanamh ar thionchar ár gcaiteachais tríd an gcuid is mó dár maoiniú poiblí taighde iomaíoch a dhíriú ar 14 réimse tosaíochta ar dóigh dóibh tionchar sochaíoch agus geilleagrach a sholáthar. Áirítear le tionscnaimh eile téarmaí tagartha Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a mhéadú le go gclúdaítear taighde feidhmeach iontu; Prótacal nua um Maoin Intleachtúil a thugann tuilleadh soiléireachta agus cinnteachta maidir le húinéireacht IP a thagann as taighde atá maoinithe ag an stát; Lár-Oifig um Aistriú Teicneolaíochta a bhunú chun fónamh mar ionad ilfhreastail a chuireann comhéadan éifeachtach ar fáil idir tionsclaíocht agus an taighde pobail agus an scéim um chreidmheas cánach T&F a leanann ar aghaidh ag tabhairt spreagadh do ghnó infheistiú i dtaighde.

Tugann Scórchlár Nuálaíochta Aontas na hEorpa bliantúil measúnú comparáideach ar fheidhmíocht nuálaíochta Bhallstáit an AE 27 agus ar láidreachtaí agus laigí coibhneasta a gcóras taighde agus nuálaíochta. I Scórchlár 2012, a foilsíodh i mí an Mhárta 2013, is airde feidhmíocht na hÉireann ná meánfheidhmíocht an AE 27 (10^{ú} háit) agus tá sí i measc grúpa 'Leantóirí Nuálaíochta'. Tá sé suntasach go rangaítear Éire sa chéad áit maidir le tionchar geilleagrach mar gheall ar a feidhmíocht láidir i bhfostaíocht i ngníomhaíochtaí atá dian ar eolas agus go rangaítear í sa tríú háit maidir le hacmhainní daonna. Tá Éire ag feidhmiú os cionn mheán an AE 27 freisin le haghaidh táscairí amhail daonra ag a bhfuil oideachas treasach, comhfhoilseacháin eolaíochta idirnáisiúnta, agus onnmhairí seirbhísí atá dian ar eolas. Is dearfach ag 0.7% atá meánráta fáis bliantúil fheidhmíocht na hÉireann, a ríomhadh thar na cúig bliana 2008-2012, d'ainneoin na ndeacrachtaí geilleagracha a tháinig aníos ar feadh na tréimhse.

Déanann Forfás agus an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) monatóireacht ar eochairtháscairí ar bhonn bliantúil, amhail BERD, HERD, GovERD agus GERD, i measc nithe eile. Ina theannta sin, is éard atá i Suirbhé Nuálaíochta an Chomhphobail ná suirbhé débhliantúil ar ghníomhaíochtaí nuálaíochta na bhfiontar in Éirinn agus i mBallstáit eile an AE agus déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Forfás é i gcomhpháirt.

Trí mhaoiniú a chuir an Roinn ar fáil mar thaca le clár oibre taighde na hÉireann, chaith Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) €156m ar mhaoiniú deontais taighde i 2012. Chuir sé sin ar chumas SFI tacaí díreacha a choinneáil le breis agus 2,800 taighdeoir agus le 28 ionad taighde den scoth. Chomh maith leis sin, chuir an maoiniú a sholáthair an Roinn do SFI ar a cumas méadú suntasach a dhéanamh ar chomhoibriú le tionsclaíocht. Faoi dheireadh 2012, bhí nasc ag taighdeoirí SFI le breis agus 770 cuideachta, arb ionann é agus méadú 20% ar an bhfigiúr i 2011 nuair a bhí nasc le 642 cuideachta.

Ar na fógraí is suntasaí a bhaineann le SFI a rinneadh i 2012, tá na nithe seo:

- I mí Eanáir 2012, d'fhógair an tAire Sherlock maoiniú CSET dara téarma de chuid SFI arb ionann é agus €22m ar fad do LERO, an tIonad Taighde Éireannach um Innealtóireacht Bogearraí atá lonnaithe ag Ollscoil Luimnigh. Tacóidh an maoiniú sin go díreach le 70 post den scoth do thaighdeoirí agus le breis agus 100 mac léinn PhD suas go dtí deireadh 2016. Tá taighde ceannródaíoch domhanda ar innealtóireacht bogearraí á sholáthar ag LERO agus tá béim ar leith ar Chórais Chriticiúla ag Éabhlóidiú (ECSanna) a bhaineann go díreach leis an tionsclaíocht agus leis an tsochaí ar fud an domhain i réimsí amhail rialú tráchta uirbigh, feistí míochaine, seirbhísí airgeadais agus cumarsáid mhóibíleach. Tá IBM, INTEL, Storm Technologies agus QAD Ireland, i measc cuideachtaí eile, ar na comhpháirtithe tionsclaíochta.
- I mí an Mheithimh 2012, d'fhógair an tAire Bruton maoiniú €39m faoin gClár Príomhthaighdeoirí (PI) de chuid SFI do 30 duais PI a d'fhostódh 151 post taighdeora go díreach ar feadh na ceithre bliana romhainn. Ar na samplaí de thionscadail taighde a dtacaítear leo tá líonraí iompair ghlais agus cumarsáide glaise, galar athlastach ainsealach, an t-athrú aeráide agus cadhnraí den chéad ghlúin eile agus áirítear le comhpháirtithe tionscail atá páirteach iontu Analog

Devices, J&J, Hitachi, Alcatel Lucent, Opsona agus Sigmoid Pharma i measc roinnt mhaith comhpháirtithe eile.

- I mí na Samhna 2012, d'fhógair an tAire Bruton agus an tAire Sherlock infheistíocht shuntasach taighde os cionn €30 milliún faoi Chlár SFI um Bonneagar Taighde chun tacú le 37 tionscadal ceannródaíoch a chlúdaíonn réimsí a chuimsíonn líonraí cumarsáide agus líonraí amach anseo, fuinneamh aigéin, bia inbhuanaithe, cógaisíocht agus ard-déantúsaíocht.
- I mí na Samhna freisin, sheol an tAire Bruton plean straitéiseach nua SFI "Clár Oibre 2020 - Feabhas agus Tionchar", ar plean uaillmhianach ocht mbliana é. Is é fís an phlean ná go bhféachfar ar Éirinn mar cheannródaí domhanda eolais a chuireann béim ar thaighde eolaíochta agus innealtóireachta mar chroí a sochaí chun forbairt gheilleagrach agus dul chun cinn sóisialta a chumhachtú.

An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal

Le linn 2012, chuir an Roinn maoiniú taighde €54.7m ar fáil don Údarás um Ard-Oideachas chun tacú le breis agus 40 tionscadal faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI). Tacaíonn an PRTLI le soláthar bonneagar taighde den scoth (foirgnimh, saotharlanna agus trealamh ceannródaíoch), saoráidí náisiúnta i bpáirt agus cláir Struchtúrtha PhD ar fud institiúidí ardoideachais na hÉireann. Príomhaidhm ag an PRTLI is ea tairseach chriticiúil a fhorbairt i bpríomhréimsí taighde, rud a d'fheabhsódh comhoibriú agus comhtháthú ar fud chóras taighde na hÉireann.

Le linn 2012, thacaigh an caiteachas a bhaineann leis an PRTLI a soláthraíodh tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta le gníomhaíochtaí taighde agus le hoiliúint ar fud na réimsí seo: Cógaisíocht/biteicneolaíocht cógaisíochta, Teicneolaíochtaí Míochaine, TFC, Fuinneamh agus an comhshaol, Eolaíochtaí bitheacha/bithmhíochaine taighde aistrithigh, Bia agus Deoch, Innealtóireacht, fisic agus ceimic.

D'éirigh go geal le Baile Átha Cliath: Cathair na hEolaíochta 2012. Ghlac breis agus 600,000 duine páirt in imeachtaí eolaíochta ar fud na tíre. Mealladh cuairteoirí agus iriseoirí as breis agus 70 tír le níos mó ná 160 imeacht agus gníomhaíocht a raibh baint ag roinnt de na heolaithe tosaigh ar domhan, rud a thaispeáin don phobal domhanda eolaíochta agus gnó gur ionad

feabhais eolaíochta í Éire gan aon amhras. Ag cur le mar a d'éirigh leis, reáchtálfar Féile Fiosrachta go bliantúil i mBaile Átha Cliath, agus cuirfear tús leis sin i mí lúil 2013.

Is aonáin chomhoibríocha iad Ionaid Taighde Teicneolaíochta a bhunaigh tionsclaíocht agus atá faoi stiúir na tionsclaíochta; dírithe ar thaighde agus tionchar díreach ar an tionsclaíocht. In 2012, bunaíodh trí Ionad Teicneolaíochta nua i réimsí na seirbhísí airgeadais, na nuálaíochta ríomhfhoghlama agus na néalríomhaireachta. Tacaíodh leis na hIonaid Teicneolaíochta atá ann cheana sna réimsí seo a leanas: bithscagadh agus bithfhuinneamh; nuálaíocht TF; nanaitheicneolaíocht fheidhmeach; comhábhair; micrileictronaic; bia le haghaidh sláinte; déantúsaíocht agus éifeachtúlacht fuinnimh. Tá ullmhúchán á dhéanamh do thrí ionad bhreise a fhorbairt sa bhliain romhainn sna réimsí um shláinte cheangailte, anailísíocht sonraí agus cógaisíocht, a bhfuil gach ceann díobh ailínithe le réimsí tosaíochta taighde.

Le linn na bliana 2012, sheol Fiontraíocht Éireann an tionscnamh Technology Gateways chun tacú leis an gcéad ghlúin eile d'ionaid thionscaltreoraithe sna hInstitiúidí Teicneolaíochta. Soláthróidh na Technology Gateways meicníocht 'rochtain oscailte' trína bhféadann tionsclaíocht réigiúnach agus áitiúil leas a bhaint as an saineolas teicneolaíochta laistigh de na hInstitiúidí Teicneolaíochta.

Thacaigh Institiúid Náisiúnta Tyndall, atá páirtmhaoinithe ag an Roinn, le tionsclaíocht agus le saol acadúil
na hÉireann tríd an obair a thug foirne taighdeoirí den scoth fúithi ar thaighde ceannródaíoch
ar ábhair, fheistí agus chórais nua. Baineann olltábhacht gheilleagrach ar fud an domhain leis an earnáil TFC,
arb í an earnáil ina bhfuil Tyndall ina speisialtóir, agus soláthraíonn sí an bonn teicneolaíochta ar a bhfuil formhór na
n-earnálacha déantúsaíochta ag brath le haghaidh feabhsúchán ar tháirgiúlacht, agus ar a bhfuil gach seirbhís (cúram sláinte, bainistíocht
fuinnimh, iompar, bainistíocht comhshaoil) ag brath le haghaidh éifeachtúlachta agus le haghaidh soláthar a fheabhsú.

I mí Eanáir 2012, sheol Fondúireacht Eolaíochta Éireann a glao nua mórscála ar an gClár um Ionaid Taighde SFI. Faoin nglao sin, nascfaidh Ionaid Taighde SFI eolaithe agus innealtóirí i

gcomhpháirtíochtaí ar fud an tsaoil acadúil agus na tionsclaíochta chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna tábhachtacha taighde, forbairt na gcuideachtaí teicneolaíochta nua agus reatha atá lonnaithe in Éirinn a chothú, tionsclaíocht a d'fhéadfadh cur go mór le hÉirinn agus leis an ngeilleagar a mhealladh, agus deiseanna oideachais agus gairme in eolaíocht agus in innealtóireacht in Éirinn a leathnú. Céim shuntasach ar aghaidh ó chlár CSET de chuid SFI agus ó chlár na mBraislí Straitéiseacha Taighde atá ann cheana a bhí sa ghlao ar lonaid Taighde SFI. Rinneadh soláthar tosaigh táscach ón státchiste de €100m a leagan amach sa ghlao sin, i dteannta ranníocaíocht mheaitseála tionsclaíochta de 30%.

Tacú le Taighde Comhoibríoch

Tá comhoibriú éifeachtach idir tionsclaíocht agus an saol acadúil riachtanach chun na smaointe is fearr a aistriú ón tsaotharlann go táirgí agus seirbhísí nuálacha nua agus, sa deireadh, chun poist inbhuanaithe ardchaighdeáin a sholáthar. In 2012, thuairiscigh Fiontraíocht Éireann 712 idirghníomhaíocht chomhoibríoch idir tionscal agus an earnáil ardoideachais.

Mhaoinigh Fiontraíocht Éireann daichead Comhpháirtíocht Nuálaíochta in 2012 chun tacú le taighde comhoibríoch idir cuideachta agus foireann taighde ardoideachais. Chomh maith leis sin, mhaoinigh Fiontraíocht Éireann 525 Dearbhán Nuálaíochta, a thug deis d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do mhicrifhiontair píosa beag taighde a choimisiúnú le dearbhán €5,000. Imríonn an scéim sin ról tábhachtach maidir le cabhair a thabhairt do chuideachtaí beaga fadhb ghnó a réiteach nó dul i mbun taighde agus forbartha den chéad uair.

Prótacal Náisiúnta um Maoin Intleachtúil

Foilsíodh an Prótacal Náisiúnta nua um Maoin Intleachtúil (IP) i 2012, chun cabhrú le cuideachtaí smaointe a thagann as taighde atá maoinithe go poiblí a rochtain agus a úsáid. Baineann moladh tábhachtach sa tuarascáil le Lár-Oifig um Aistriú Teicneolaíochta a bhunú laistigh d'Fhiontraíocht Éireann, a bheadh ar an gcéad phointe teagmhála le haghaidh rannpháirtíocht tionsclaíochta leis an gcóras taighde. Táthar ag siúl go mbeidh an oifig nua sin faoi shiúl faoi dheireadh 2013. Trí na bearta nua sin, beidh sé níos éasca tráchtálú a dhéanamh ar smaointe a fhorbraítear trí thaighde a mhaoinítear go poiblí, a fhaigheann maoiniú iomlán de níos mó ná €800m sa bhliain faoi láthair, agus poist a chruthú as na smaointe sin.

Teicneolaíocht a Aistriú ó Thaighde go dtí an Áit Mhargaidh

Le linn na bliana, lean Tionscnamh Fhiontraíocht Éireann um Aistriú na Teicneolaíochta a Threisiú le bunathrú a dhéanamh ar an dóigh a dtugtar taighde ag a bhfuil acmhainn tráchtála a forbraíodh in Institiúidí Ardoideachais go dtí an áit mhargaidh. Sa bhliain 2012, ceadúnaíodh 53 píosa de mhaoin intleachtúil le cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann, agus tháinig 14 chuideachta Ardacmhainne Nuathionscanta chun cinn ón gcóras taighde phoiblí.

Rinneadh Campas Nuálaíochta DCU, ar ionad náisiúnta nua é um nuálaíocht san earnáil teicneolaíochta glaine, a oscailt i mí Eanáir 2013. Beidh an campas nua ar an láthair roghnaithe do ghnóthais nuathionscanta, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chuideachtaí móra ag a bhfuil fás ard san earnáil teicneolaíochta glaine agus táthar ag súil go mbrúfaidh sé fás suntasach geilleagair ghlais ar aghaidh trí thacú le 200 post thar na hocht mí dhéag tosaigh agus 500 post sna cúig bliana ina dhiaidh sin.

Is aonáin chomhoibríocha iad Ionaid Taighde Teicneolaíochta a bhunaigh tionsclaíocht agus atá faoi stiúir na tionsclaíochta; dírithe ar thaighde agus tionchar díreach ar an tionsclaíocht. Bunaíodh dhá ionad déag nua, a chuimsigh cruthú 223 post nua, i raon réimsí, lena n-áirítear micrileictreonaic, nanaitheicneolaíocht, bithfhuinneamh, teicneolaíocht déantúsaíochta, éifeachtúlacht fuinnimh, agus teicneolaíochtaí foghlama. Tá ullmhúchán á dhéanamh do chúig ionad bhreise a fhorbairt sa bhliain romhainn sna réimsí um shláinte, anailísíocht sonraí, teicneolaíocht déiríochta, feistí míochaine agus cógaisíocht.

I mí Feabhra 2012, d'fhógair an tAire Sherlock maoiniú €6.5m tríd an Dámhachtain Forbartha um Nuálaíocht Teicneolaíochta (TIDA), ar comhchlár de chuid SFI/Fhiontraíocht Éireann é. Tacóidh an maoiniú TIDA sin a riarann SFI le 69 dámhachtain. Tá sé mar chuspóir aige tionchar eacnamaíoch níos mó a bhaint amach as infheistíocht an stáit i dtaighde bunúsach dírithe.

Mheall Fóram Oscailte Euroscience 2012, a cuireadh ar siúl sa Lárionad Náisiúnta Coinbhinsiúin, Baile Átha Cliath, ón 11 Iúil go dtí an 15 Iúil, roinnt mhaith de na heolaithe is mó tionchar ar domhan, chomh maith le breis agus 4,500 toscaire as 80 tír ar fud an domhain. Bhí mórghnóthachain ann maidir le dea-chlú feabhsaithe ar Éirinn i ndáil le heolaíocht agus tiomantas

do thaighde agus nuálaíocht eolaíoch. 'Éire: Tiomanta d'Eolaíocht' ba ea an phríomhtheachtaireacht a chuir an tOllamh Patrick Cunningham, an Príomhchomhairleoir Eolaíochta, in iúl tráth an choinbhinsiúin. Bhí tionchar an-dearfach ag tionscnamh Bhaile Átha Cliath: Chathair na hEolaíochta ar an réimse um fhor-rochtain agus rannpháirtíocht eolaíochta, go háirithe le daoine óga, agus cuireadh 160 imeacht ar siúl ar fud na tíre i rith na bliana. Chuidigh sé sin le comhfhiosacht an phobail ar an eolaíocht a mhúscailt agus d'éirigh leis an tionscnamh a chuspóir chun aird na ndaoine a dhíriú ar an eolaíocht a chomhlíonadh.

Príomhfhócas do GFT Éireann go fóill is ea infheistíochtaí i dTaighde agus Forbairt (T&F) a bhuachan agus a choinneáil. I 2012, bhuaigh an Ghníomhaireacht 23 tionscadal Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta d'Éirinn. Leanadh ar aghaidh lenár dtiomantas d'infheistiú i dtaighde ar fud 2012 nuair a d'infheistigh cliantchuideachtaí GFT Éireann €517m i T&F. Amhail deireadh na bliana 2012, bhí breis agus €100,000 sa bhliain á chaitheamh ar T&F ag 293 cuideachta de chliantchuideachtaí GFT Éireann.

Trí na hinfheistíochtaí taighde marthanacha a chuireann an Roinn ar fáil trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, tá feabhas á chur ar chumas GFT Éireann infheistíocht dhíreach eachtrach a bhuachan san ionad margaidh domhanda. I 2012, bhí nasc ag taighdeoirí lena dtacaíonn SFT le níos mó ná 40% de na fógraí post nua a rinne GFT anuraidh - bhí nasc le cuideachtaí a d'fhógair 4,575 post nua.

Tosaíochtaí Uachtaránacht na hÉireann maidir le Taighde agus Nuálaíocht

Is iad na tosaíochtaí don Uachtaránacht sa réimse um thaighde agus forbairt ná teacht ar chomhaontú ag an gComhairle Iomaíochais ar raon míreanna ar an gclár cruinnithe atá dírithe ar théarnamh geilleagrach, iomaíochas agus fhás san Eoraip a bhreisiú. Áirítear na nithe seo a leanas leis na príomhréimsí tosaíochta:

- Pacáiste Fhís 2020: comhaontú a bhaint amach ar phacáiste Fhís 2020, atá ar an gciste maoinithe Eorpach le haghaidh taighde agus nuálaíochta don tréimhse 2014-2020;
- Limistéar Taighde Eorpach/Comh-Chláreagrú: dul chun cinn a dhéanamh ar chláir oibre náisiúnta thaighde atá níos ceangailte agus níos comhtháití ar fud na mBallstát d'fhonn Limistéar Taighde Eorpach lánfhorbartha a bhaint amach agus, tríd sin, aghaidh a

thabhairt ar dhúshláin shochaíocha amhail galar Alzheimer, diaibéiteas agus slándáil bia ar bhealach níos éifeachtaí.

An struchtúr náisiúnta tacaíochta, ar chomhordaigh Fiontraíocht Éireann é, le haghaidh rannpháirtíocht na hÉireann sa 7ú Creatchlár um Thaighde agus Fhorbairt Theicneolaíocht 2007-2013 de chuid an AE (FP7), lean sé ar aghaidh ag tabhairt cabhair, tacaíocht agus spreagadh do thaighdeoirí agus d'fhoirne taighde poiblí agus príobháideacha páirt a ghlacadh i nglaonna maoinithe FP7. Idir 2007 agus mí na Samhna 2012, b'ionann dámhachtainí maoinithe do rannpháirtithe lonnaithe in Éirinn agus €485m.

Cuireadh dhá chomh-cheardlann Gníomhaireachta um T&F ar siúl an 7 Samhain 2012 agus an 4 Nollaig 2012 i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh faoi seach. Fuarthas aiseolas fíor-dhearfach ón dá cheardlann sin. Dréachtaíodh treoir Fiontar maidir le Creidmheasanna Cánach T&F chun freagairt don idirghníomhaíocht ábhair agus tionsclaíochta ag na ceardlanna T&F a cuireadh ar siúl i mí na Samhna/mí na Nollag 2012. Seolfar an bróisiúr tar éis an Bille Airgeadais, 2013, a fhoilsiú le gur féidir aon athruithe deiridh a d'fhéadfadh bheith riachtanach a chur san áireamh.


Sprioc
7

Earnálacha Ardacmhainne a Fhorbairt:

Tosaíocht a thabhairt d'earnálacha ina bhfuil deiseanna agus bacainní a bhaint go córasach agus beartais chumasúcháin a fhorbairt.

Is samplaí iad cógaisíocht & ceimiceán, ICT, agus seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta d'earnálacha a sholáthraíonn fostaíocht shuntasach in Éirinn, a chuireann go mór le honnmhairiúchán agus atá tar éis mórán
de mhórchuideachtaí an domhain a mhealladh go hÉirinn le fiche bliain anuas. Cé go leanfaidh na hearnálacha seo le ról tábhachtach a bheith acu i ngeilleagar na hÉireann, tá sé tábhachtach freisin go ndéanfaí iarracht breith ar an gcéad ghála eile de na hearnálacha atá ag teacht chun cinn go mbainfidh Éire leas as poist inbhuanaithe fhadtéarmacha a chruthú. Is éard atá i gceist anseo ná spriocdhíriú ar earnálacha nua go gníomhach agus go práinneach agus aithint a dhéanamh ar na bacainní a bheadh sa bhealach ar a leithéid de dheiseanna agus iad a bhaint.

Ar na hearnálacha a aithníodh maidir le hacmhainn shuntasach a bheith ag baint leo d'Éirinn áirítear Sláinte,
Eolaíochtaí Beatha & teicneolaíocht mhíochaine, teicneolaíocht "airgid", néalríomhaireacht, geilleagar digiteach & seirbhísí na meán

earnáil na bhfíschluichí (go háirithe cluichíocht dhigiteach), agus an geilleagar glas (go háirithe) Teicneolaíocht ghlan).

Sa chomhthéacs sin, bhronn an tAire Bruton €1.2m ar chuibhreannas institiúidí Ardoideachais d'fhonn an chéim taighde tosaigh d'Ionad Teicneolaíochta Néalríomhaireachta na hÉireann a dhéanamh. Bunaíodh Foireann Forbartha Braislithe atá treoraithe ag tionsclaíocht le haghaidh cur chun feidhme Straitéis Forfás um Chluichí a bhrú chun cinn. Tá aird ar leith á tabhairt ar shainaithint a dhéanamh ar riachtanais oiliúna agus oideachais na gcuideachtaí atá ag feidhmiú san earnáil cluichí agus iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leis na gníomhaireachtaí Stáit a ndéantar ionadaíocht dóibh na riachtanais sin a chomhlíonadh

Seoladh an ceathrú Clár um Luathú Fás Idirlíon (iGap) i mí Dheireadh Fómhair 2012. Is é is iGap ann ná clár dian forbartha bainisteoireachta do chuideachtaí ardacmhainne idirlín/cluichí. Díríonn sé ar na huirlisí praiticiúla a thabhairt dóibh atá riachtanach chun pleananna fáis idirnáisiúnta a cheapadh agus a ngnóthas a scálú.

Poist Ghlasa a Chruthú

Tá an Geilleagar Glas ar cheann de na margaí is fuinniúla agus is tapa fás ar domhan agus tugann sé deis mhór le haghaidh fáis, iomaíochais agus cruthú fostaíochta d'Éirinn. Meastar go minic go dtagraíonn an Geilleagar Glas don athrú aeráide, d'astuithe carbóin agus d'fhuinneamh in-athnuaite amháin. Dáiríre, clúdaíonn an téarma raon leathan earnálacha a bhfuil an cuspóir coiteann acu earraí agus seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach inbhuanaithe a laghdaíonn an tionchar ar an gcomhshaol.

In Éirinn, clúdaíonn sé sin gníomhaíochtaí amhail bainistíocht dramhaíola agus uisce, fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, táirgeadh bia inbhuanaithe, turasóireacht, seirbhísí airgeadais glasa agus táirgí agus seirbhísí glasa. Tá láidreachtaí suntasacha agus buntáistí comparáideacha ag Éirinn ar féidir léi leas a bhaint astu chun deiseanna gnó a shaothrú in earnálacha amhail fuinneamh in-athnuaite, greillí cliste, bia inbhuanaithe, turasóireacht agus táirgí agus seirbhísí atá tíosach ar fhuinneamh.

Sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012, sainaithníodh an Geilleagar Glas mar réimse ina bhféadaimid buntáiste comparáideach a chruthú agus a chothú agus fás post a bhaint amach agus cuireadh san áireamh sa phlean tiomantas do phlean nua maidir le forbairt an Gheilleagair

Ghlais a fhoilsiú agus a chur chun feidhme. Cuireadh an beart sin san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta mar fhreagairt don teachtaireacht chomhsheasmhach a chuir tionsclaíocht agus gníomhaireachtaí Stáit in iúl gurb éard atá sa riachtanas is práinní chun muinín agus infheistíocht na hearnála príobháidí a spreagadh san earnáil ná léiriú intinne soiléir ón Rialtas faoina thiomantas d'fhorbairt an Gheilleagair Ghlais in Éirinn.

I mí na Samhna 2012, sheol an Rialtas 'Ár nAcmhainneacht Ghlas a Bhaint Amach: Ráiteas Beartais ar Fhás agus Fhostaíocht sa Gheilleagar Glas'. Leagtar amach in 'Ár nAcmhainneacht Ghlas a Bhaint Amach' na deiseanna fiontraíochta d'Éirinn i ngach fo-earnáil den Gheilleagar Glas, na bearta atá á ndéanamh ag an Rialtas chun gach fo-earnáil a fhorbairt agus na struchtúir a chuirfear i bhfeidhm chun tacú le forbairt an Gheilleagair Ghlais.

Is é an Coiste Comh-Aireachta um an Athrú Aeráide agus um an nGeilleagar Glas, a ndéanann an Taoiseach cathaoirleacht air, a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt an Gheilleagair Ghlais in Éirinn. Chomh maith leis sin, rinneadh soláthar sa ráiteas beartais do bhunú a dhéanamh ar Choiste Comhairleach um Poist sa Gheilleagar Glas, a ndéanann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíocht cathaoirleacht air, chun deiseanna éiritheacha d'Éirinn sa Gheilleagar Glas a shainaithint.

Éire a Bhunú Mar Mhol Déantúsaíochta In-athnuaite

Seoladh an *Straitéis d'Fhuinneamh In-athnuaite 2012-2020* i 2012 agus leagtar amach inti spriocanna straitéiseacha agus bearta ar leith chun acmhainn gheilleagrach an fhuinnimh in-athnuaite a uasmhéadú. Áirítear leo sin: méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as gaoth ón bhfarraige agus gaoth ón talamh, earnáil inbhuanaithe bithfhuinnimh a fhorbairt, taighde agus forbairt a chothú, iompar inbhuanaithe a fhorbairt agus líonraí láidre agus éifeachtúla fuinnimh chliste a thógáil.

Tugann an Geilleagar Glas deis mhór gheilleagrach le haghaidh cruthú fostaíochta in Éirinn. Tá an Geilleagar Glas ar cheann de na margaí is fuinniúla agus is tapa fás ar domhan agus tugann sé deis mhór le haghaidh fáis, iomaíochais agus cruthú fostaíochta d'Éirinn.
Ceaptar go minic go dtagraíonn an Geilleagar Glas don athrú aeráide, d'astuithe carbóin agus d'fhuinneamh in-athnuaite amháin. Dáiríre, clúdaíonn an téarma 'Geilleagar Glas' raon leathan

earnálacha a bhfuil an cuspóir coiteann acu earraí agus seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach inbhuanaithe a laghdaíonn an tionchar ar an gcomhshaol.

In Éirinn, clúdaíonn sé sin gníomhaíochtaí amhail bainistíocht dramhaíola agus uisce, fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, táirgeadh bia inbhuanaithe, turasóireacht, seirbhísí airgeadais glasa agus táirgí agus seirbhísí glasa. Tá láidreachtaí agus buntáistí suntasacha ag Éirinn ar féidir léi leas a bhaint astu chun deiseanna gnó a shaothrú in earnálacha amhail fuinneamh in-athnuaite, greillí cliste, bia inbhuanaithe, turasóireacht agus táirgí, seirbhísí atá tíosach ar fhuinneamh agus earnálacha eile.

Sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012, sainaithníodh an Geilleagar Glas mar réimse ina bhféadann Éire buntáiste iomaíoch a chruthú agus a chothú agus fás post a bhaint amach agus cuireadh san áireamh sa phlean tiomantas do Phlean nua maidir le Forbairt an Gheilleagair Ghlais a fhoilsiú agus a chur chun feidhme.

Cuireadh an beart sin san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist mar fhreagairt don teachtaireacht chomhsheasmhach a chuir tionsclaíocht agus gníomhaireachtaí Stáit in iúl gurb éard atá sa riachtanas is práinní chun muinín agus infheistíocht na hearnála príobháidí a spreagadh san earnáil ná léiriú intinne soiléir ón Rialtas faoina thiomantas don Gheilleagar Glas.

I mí na Samhna 2012, sheol an Rialtas a Ráiteas Beartais ar Fhás agus Fhostaíocht sa Gheilleagar Glas. Leagtar amach in 'Ár nAcmhainneacht Ghlas a Bhaint Amach' na deiseanna fiontraíochta i ngach fo-earnáil den Gheilleagar Glas, na bearta atá á ndéanamh ag an Rialtas chun an Geilleagar Flas a fhorbairt i ngach réimse agus na struchtúir a chuirfear i bhfeidhm chun tacú le forbairt an Gheilleagair Ghlais.

Is é an Coiste Comh-Aireachta um an Athrú Aeráide agus um an nGeilleagar Glas, a ndéanann an Taoiseach cathaoirleacht air, a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt an gheilleagair ghlais in Éirinn. Chomh maith leis sin, rinneadh soláthar sa Phlean do bhunú a dhéanamh ar Choiste Comhairleach um an nGeilleagar Glas, a ndéanann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíocht cathaoirleacht air, chun deiseanna éiritheacha d'Éirinn sa Gheilleagar Glas a shainaithint. Mar chuid dá théarmaí tagartha, cuimsíonn an Coiste Comhairleach, a bunaíodh i 2013, ionadaithe ón

earnáil fiontar chomh maith le príomhpháirtithe eile lena mbaineann, lena n-áirítear Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha.

Éire mar Bhall de Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa

Bhí an bhliain 2012 ina bliain thábhachtach maidir le rannpháirtíocht na hÉireann i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA). Rinne Éire leanúint agus méadú ar a rannpháirtíocht i roinnt cláir spáis de chuid ESA, a fógraíodh ag Comhairle Aireachta ESA i mí na Samhna 2012. Leanadh le méadú agus forbairt a dhéanamh ar rannpháirtíocht tionsclaíochta agus taighde na hÉireann i gcláir Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa i 2012, agus d'aimsigh 19 gcuideachta Éireannacha agus 8 bhfoireann taighde conarthaí ESA arbh ionann an luach comhcheangailte agus €10.1m. Thacaigh na gníomhaíochtaí tionsclaíochta lenar thacaigh ESA le gníomhaíochtaí forbartha as ar tháinig forbairt agus cáiliú nua táirgí i dtionsclaíocht na hÉireann a ghineann díolachán onnmhairí agus fostaíocht inbhuanaithe mhéadaithe.

Mol Nuálaíochta Sláinte

Tá an Rialtas ag tacú le Mol Nuálaíochta Sláinte treorach, atá lonnaithe in UCC agus atá ag tacú le smaointe nua as fiontair intíre a fhorbairt agus a thráchtálú, rud a bheidh le leas chóras cúram sláinte na hÉireann. Trí fhoghlaim a fhaightear ón treoirthionscadal sin, tá sé beartaithe Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte a chur i bhfeidhm i 2014 chun comhoibriú idir an córas sláinte agus fiontair a bhrú chun cinn, rud a bheidh ina chúis le forbairt agus tráchtálú na dteicneolaíochtaí, na dtáirgí agus na seirbhísí nua cúram sláinte.

Tháinig an-athrú struchtúrtha ar an earnáil déantúsaíochta in Éirinn le deich mbliana anuas. Cé go n-oibríonn sí i dtimpeallacht atá an-dúshlánach agus iomaíoch ón taobh idirnáisiúnta de, tá an-acmhainneacht leis an earnáil déantúsaíochta in Éirinn.

Sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012, leagtar amach roinnt beart chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar leith os comhair na hearnála déantúsaíochta in Éirinn, lena n-áirítear an gá le haghaidh a thabhairt ar na costais táirgeachta, an tsaincheist um scála agus chumas ionsúiteach, forbairt agus uasoiliúint bainisteoireachta, i measc saincheisteanna eile.

I 2012, thug Forfás faoi anailís mhionsonraithe ar an earnáil in Éirinn agus tháirg sé Straitéis Déantúsaíochta 'Rath a Bhaint Amach in Éirinn: Déantúsaíocht 2020'. Cuimsíonn an Straitéis roinnt moltaí chun cabhrú le bacainní ar chruthú fostaíochta a bhaint agus iomaíochas na hearnála a fheabhsú. Bhunaigh an Roinn Fóram Forbartha Déantúsaíochta i 2012 freisin a chuimsigh ionadaithe tionsclaíochta agus príomhpháirtithe eile lena mbaineann, chun cabhrú le cur chun feidhme na moltaí sin a bhrú chun cinn. Leanadh ar aghaidh le hobair an Fhóraim isteach sa bhliain 2013 agus dhírigh sí ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar earnáil na ngnóthas dúchasach agus ar na cuideachtaí ilnáisiúnta atá lonnaithe in Éirinn araon a bhféadfadh a ngníomhaíochtaí cur le fás earnáil déantúsaíochta na hÉireann.

De ghnáth, is é is dóichí go mbeidh páirt ghníomhach i bhforbairt caighdeán ag cuideachtaí móra ná fiontair bheaga agus mheánmhéide. Is gá, dá bhrí sin, sainaithint a dhéanamh ar dhóigheanna chun a chinntiú go gcuirtear riachtanais na bhfiontar beag agus meánmhéide san áireamh sa phróiseas caighdeánaithe, ina bhfuil páirt ag comhlachtaí caighdeán, cumainn a dhéanann ionadaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus na fiontair bheaga agus mheánmhéide iad féin.

Le "Your Standards Your Say", tairseach Ghréasáin an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a seoladh i 2012, tairgtear roinnt sochar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do dhaoine aonair in Éirinn, lena n-áirítear: faisnéis réamh-mhargaidh faoi dhréacht-Chaighdeáin (caighdeáin Éireannacha agus idirnáisiúnta) a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a bhfiontar, chomh maith le tuilleadh léargais ar an dóigh a gceaptar Caighdeáin. D'fhéadfadh cuideachtaí agus daoine aonair tuairimí a thabhairt faoi Chaighdeáin le teacht agus cur leo, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gCaighdeán deiridh a fhoilseofar.

Le linn 2012, rinne an NSAI maoirseacht ar an obair a rinne 50 Coiste Comhairleach um Chaighdeáin ina raibh breis agus 1,500 saineolaí a thug a gcuid ama go flaithiúil chun a chinntiú go ndéantar ionadaíocht don mhéid a chuireann Éire leis sna Coistí Caighdeán Idirnáisiúnta. Cabhraíonn an dá phróiseas sin lena chinntiú go nglacann na páirtithe uile lena mbaineann na caighdeáin go mór, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus cabhraíonn siad freisin le fás geilleagrach a luathú.

I mí Dheireadh Fómhair 2012, sheol an NSAI an chéad cheardlann um “Gnó a Bhuachan Trí Chaighdeáin”. Díríodh an cheardlann sin ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun tús eolais a thabhairt ar chóras feidhmithe inmheánach an Chaighdeánaithe. D’fhreastail nócha toscaire fiontar beag agus meánmhéide ó thionsclaíocht na hÉireann ar an gceardlann agus tá imeachtaí comhchosúla beartaithe don bhliain 2013.

Sprioc 8

An Straitéis a Bhaint Amach agus Athrú a Bhainistiú

Tá sé mar mhian ag an Roinn a bheith mar cheannródaí dea-chleachtais sa Státseirbhís maidir le leagan síos agus soláthar spriocanna feidhmíochta. Tá a thábhachtaí atá sé seo le feiceáil sa mhéid go bhfuilimid ag iarraidh ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach le cúlra de laghdú suntasach ar acmhainní foirne agus airgeadais.

Comhoibriú trasfheidhmeach agus tras-Rannach

Le linn 2012, thosaigh an Roinn ag cur sraith uirlisí comhoibrithe i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna a bhíonn os comhair eagraíochtaí de ghnáth, amhail córais faisnéise a fhorbairt agus cuimhne chorparáideach a chailleadh. Tá na huirlisí á n-úsáid i roinnt réimsí ina bhfuil foirne scaipthe ón taobh geografach de nó mar a bhfuil gá le comhoibriú trasfheidhmeach. Mar shampla, tá úsáid á baint as na huirlisí sin ag baill foirne den Choimisiún eatramhach um Chaidreamh san Ionad Oibre chun comhoibriú ar thionscadail chomhtháthúcháin.

Athbhreithniú ar gach struchtúr Gníomhaireachta agus Oifige

De réir fhógairt an Rialtais i mí na Samhna 2011 go dtabharfaí faoi athbhreithniú cuimsitheach ar Ghníomhaireachtaí Stáit faoi mhí an Mheithimh 2012 d'fhonn gníomhaireachtaí a réasúnú, a chónascadh nó a dhíothú, cuireadh tús le hathbhreithniú go mall i 2011 ar ról straitéiseach Fhorbairt Shionainne amach anseo. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh, tugadh aird ar an bhfíric nach láidir a thuilleadh a bhí an múnla gnó a thacaigh le sainordú leathan Fhorbairt Shionainne, a maoiníodh tríd an ioncam as a punann réadmhaoine.

Tar éis teagmháil fhairsing leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, d'fhormheas an Rialtas an 8 Bealtaine 2012 tograí a chuir an tAire Bruton agus an tAire Varadkar isteach chun Aerfort na Sionainne a scaradh ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus chun Forbairt Shionainne a chónascadh le hAerfort na Sionainne le go gcruthaíonn siad aonán nua ag a bhfuil sainordú tráchtála in úinéireacht phoiblí. Agus an fhógairt sin á déanamh acu, chomhaontaigh na hAirí Grúpa Stiúrtha ardleibhéil a bhunú chun an struchtúr eagrúcháin is éifeachtaí don aonán nua a chinneadh, straitéis cur chun feidhme a fhorbairt don chomhlacht nua agus plean a fhorbairt ina leagfaí amach conas a chabhródh an t-aonán le forbairt réigiúnach láidir a bhaint amach, le linn dó an caighdeán is airde tacaíochta d'fhiontair sa réigiún a chinntiú. Treoirphrionsabal an Ghrúpa ba ea forbairt thodhchaíoch limistéar na Sionainne.

Rinneadh moltaí mionsonraithe inar leagadh amach an bealach ar aghaidh a chur faoi bhráid an Rialtais lena mbreithniú i mí na Samhna 2012. Ina dhiaidh sin, go luath i mí na Nollag, d'fhógair an tAire Bruton agus an tAire Varadkar gur chinn an Rialtas leanúint ar aghaidh le scaradh Aerfort na Sionainne ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus an t-aerfort a chónascadh le Forbairt Shionainne athstruchtúrtha chun aonán nua chomhtháite na Sionainne a chruthú faoi úinéireacht phoiblí. De réir Ordú (a formheasadh sa dá cheann de Thithe an Oireachtais) faoin Acht um Aerfoirt Stáit 2004, cuireadh scaradh ar siúl an 31 Nollaig 2012.

De réir chinneadh an Rialtais, athbhunaíodh an Grúpa Stiúrtha ardleibhéil le ballraíocht níos leithne agus tá sé ag obair chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na socraíochtaí trasdultacha in Aerfort na Sionainne agus i bhForbairt Shionainne araon agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme iomlán chinneadh an Rialtais i ndáil le bunú an aonáin nua.

Straitéis TFC

Tar éis próiseas comhairliúcháin leathan le páirtithe lena mbaineann le linn 2012, rinneadh dul chun cinn suntasach ar straitéis nua TFC, a bhí dírithe go háirithe ar thacú leis an Roinn a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Mar chuid den phróiseas sin, rinneadh struchtúir rialachais TFC na Roinne a athnuachan agus a athrú chun dáta chun leibhéal ard de mhaoirseacht tionscadail a chinntiú. Baineann tábhacht ar leith leis sin de réir mar a éiríonn acmhainní níos srianta.

Suíomh Gréasáin Nua na Roinne

Seoladh an Roinn láithreacht nua ar an nGréasán i mí na Bealtaine 2012 - www.enterprise.gov.ie. Dearadh an suíomh Gréasáin nua trí úsáid a bhaint as dearadh nua-aimseartha atá saibhir ó thaobh na meán de agus tá leathanach tosaigh aige a nuashonrófar go rialta. Tacaíonn sé le gutháin phóca freisin. Ar dtús, ní thagann an suíomh Gréasáin nua isteach in ionad shuíomh Gréasáin na Roinne atá ann cheana, ach déanfaidh sé é a chomhlánú trí fhorbhreathnú leathan a sholáthar ar raon ghníomhaíochtaí na Roinne i bhformáid a thugann inneachar úr atá saibhir ó thaobh na meán de. Cuireadh tús le hobair le linn 2013 chun suíomh Gréasáin na Roinne atá ann cheana a chomhdhlúthú ar an ardán nua. Chomh maith leis sin, sholáthair an suíomh Gréasáin nua ardán bogearraí a d'éascaigh roinnt de na suíomhanna Gréasáin níos lú de chuid na Roinne a chomhdhlúthú ar ardán aonair ar mhaithe le héascaíocht tacaíochta agus cothabhála.

Athchóiriú Institiúideach

Tá an Roinn ag obair go dlúth le Forfás roimh chomhcheangal an dá eagraíocht. Dhírigh an obair sin ar roinnt príomhréimsí a bheidh tábhachtach maidir le rath an chomhcheangail. Mar shampla, lena chinntiú go mbeidh tacaí barrmhaithe TFC ar fáil don eagraíocht chumasctha agus freisin le tacú le hathchóiriú ar na hinstitiúidí um chaidreamh san ionad oibre. Chomhoibrigh an Roinn go dlúth lena gníomhaireachtaí agus le Ranna eile Rialtais freisin i dtionscnaimh sholáthair chun luach barrmhaith a sholáthar agus forchostais soláthair a laghdú. Tugadh faoi roinnt comhthionscnaimh sholáthair cheana féin.

Rinneadh clár scileanna ar líne a dhearadh agus a sheoladh go hinmheánach i 2012 chun tacú le scileanna taithí, acadúla agus gairmiúla fhoireann na Roinne agus a hOifigí.

Rinneadh treoirthionscadal um pleanáil lucht oibre i Rannóg amháin den Roinn go mall i 2011 agus tuairiscíodh air, agus tugadh moltaí, go luath i 2012. Ina dhiaidh sin i 2012, mar fhreagairt do lárthionscnamh um pleanáil lucht oibre ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), rinneadh cleachtadh pleanáil lucht oibre ar fud na Roinne a chur i gcrích agus Plean Gníomhaíochta um Pleanáil Lucht Oibre a chur faoi bhráid an DPER.

Aguisín 1

Ráitis Airgeadais Iniúchta amhail an 31 Nollaig 2012

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Sócmhainní caipitil	2.3	6,637	7,498
Sócmhainní caipitil á bhforbairt	2.4	584	552
		7,221	**8,050**
Sócmhainní Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.5	27,929	37,596
Stoic	2.6	317	279
Réamhíocaíochtaí		575	442
Ioncam fabhraithe		1,078	883
Iarmhéideanna eile dochair	2.7	1,375	1,699
Sócmhainní reatha iomlána		**31,274**	**40,899**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		441	647
Ioncam iarchurtha		1,484	1,668
Iarmhéideanna eile sochair	2.8	4,029	18,774
Glandliteanas don Státchiste	2.9	25,275	20,521
Sócmhainní reatha iomlána		**31,229**	**41,610**

Glansócmhainní reatha/ (glandliteanais reatha)		**45**	**(711)**
Glansócmhainní		**7,266**	**7,339**
Ionadaithe ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.1	**7,266**	**7,339**

2.1 Cuntas Maoinithe Stáit

	Nóta	2012	2011
		€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		7,339	9,373
Maoiniú arna tharraingt anuas	2.2	822,408	810,575
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1	1,685	1,669
Glanchostas clár	1	(824,166)	(813,950)
Caillteanas ar an aistriú sócmhainní chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí		—	(328)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		**7,266**	**7,339**

2.2 Maoiniú arna tharraingt anuas

	Nóta	2012	2011
		€000	€000
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar measctacháin	Cuntas	846,408	844,841
Tabhairt suas iarchurtha	Cuntas	(25,000)	(18,125)
Barrachas le tabhairt suas	Cuntas	(20,864)	(38,189)
		800,544	788,527
Caiteachas (airgead tirim) a bhí de mhuirear ar áit eile	1	21,864	22,048
Maoiniú iomlán arna tharraingt anuas		**822,408**	**810,575**

2.3 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2012	32,887	6,624	39,511
Coigeartú na bliana roimhe[1]	(4)	4	—
Breiseanna	1,358	17	1,375
Diúscairtí	(153)	(3)	(156)
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2012	34,088	6,642	40,730
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012	25,740	6,273	32,013
Coigeartú na bliana roimhe[1]	(1)	1	—
Dímheas don bhliain	2,074	162	2,236
Dímheas ar dhiúscairtí	(153)	(3)	(156)
Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2012	27,660	6,433	34,093
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012	6,428	209	6,637
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011	7,147	351	7,498

[1] Léiríonn coigeartú na bliana roimhe an t-athrangú sócmhainní áirithe agus an tionchar gaolmhar ar dhímheas carnach tar éis athbhreithniú ar an gclár sócmhainní.

2.4 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

amhail an 31 Nollaig	Feidhmiúcháin ríomhaire inmheánacha
	€000
Méideanna arna dtabhairt ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2012	552

Íocaíochtaí airgid sa bhliain	955
Tugtha in úsáid sa bhliain	(923)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	584

2.5 Banc agus Airgead Tirim

amhail an 31 Nollaig	2012 €000	2011 €000
Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG	27,985	37,771
Orduithe gan íoc	(56)	(175)
	27,929	37,596

2.6 Stoic

amhail an 31 Nollaig	2012 €000	2011 €000
Páipéarachas	238	201
Soláthairtí TF	60	61
Ábhair ghlantóireachta	19	17
	317	279

2.7 Iarmhéideanna Eile

Dochair

amhail an 31 Nollaig	2012 €000	2011 €000
Óinchistí arna réamhíoc	—	20
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	—	35
An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt	—	7
Réamhíocaíochtaí le OOP	217	30
Iarmhéideanna ilghnéitheacha dochair	483	527
Caiteachas in-fhorchúitithe	675	1,080
	1,375	1,699

2.8 Iarmhéideanna Eile

Sochair

amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	91	66
Ranníocaíochtaí aoisliúntais	—	389
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	65	(25)
Tobhach Ioncaim	(1)	(1)
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla	86	71
CBL ar Éadálacha laistigh den AE	2	31
	243	531
Iarmhéideanna ilghnéitheacha sochair	3,786	18,243
	4,029	18,774

2.9 Glandliteanas don Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2012 €000	2011 €000
Barrachas le tabhairt suas	20,864	38,190
Tabhairt suas iarchurtha	25,000	18,125
Deontas Státchiste neamhtharraingthe	(20,589)	(35,794)
Glandliteanas don Státchiste	25,275	20,521
Ionadaithe ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	27,929	37,596
Iarmhéideanna dochair: fionraí	1,375	1,699
	29,304	39,295
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(243)	(531)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(3,786)	(18,243)
	(4,029)	(18,774)
	25,275	20,521

2.10 Ceangaltais

amhail an 31 Nollaig	2012 €000	2011 €000
Ceangaltais dhomhanda		
(A) Soláthar	51	71
(B) Deontais[1]	1,082,095	1,239,167

[1] Cuimsíonn sé caiteachas ó ioncam acmhainní féin.

Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla os cionn €6.35 milliún

	Caiteachas Carnach go dtí an 31 Nollaig 2011 [2]	Caiteachas i 2012	Blianta ina dhiaidh sin	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
GFT Éireann	228,400	38,000	53,200	319,600
Fiontraíocht Éireann	87,285	29,014	93,860	210,159
Forbairt Shionainne	13,094	3,839	6,488	23,421
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	166,837	53,062	86,256	306,155
Clár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRLTI)	55,623	26,881	111,895	194,399
	551,239	150,796	351,699	1,053,734

[2] Ní chuireann sé tionscadail a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2011 san áireamh.

2.11 Dliteanais Aibithe.

B'ionann dliteanais aibithe mheasta nár urscaoileadh amhail deireadh na bliana agus €162,831.

Vóta 32 An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Cuntas Leithreasa 2012

				2012	2011
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas Clár					
A	Poist agus Forbairt Fiontar				
	Bunaidh	400,598			
	Tabhairt Suas Iarchurtha	13,125			
	Breise	501	414,224	400,505	379,356
B	Nuálaíocht				
	Bunaidh	396,868			
	Tabhairt Suas Iarchurtha	5,000			
	Breise	1	401,869	376,608	387,463
C	Rialáil		84,087	73,773	77,793
	Ollchaiteachas				
	Bunaidh	881,553			

	Tabhairt Suas Iarchurtha Breise	18,125 502			
			900,180	**850,886**	**844,612**
	Bain as				
D	**Leithreasaí i gcabhair**				
	Bunaidh	53,272			
	Breise	500	**53,772**	**50,342**	**56,085**
	Glanchaiteachas				
	Bunaidh	828,281			
	Tabhairt Suas Iarchurtha Breise	18,125 2			
			846,408	**800,544**	**788,527**

Barrachas le tabhairt suas

Tá barrachas an mhéid a cuireadh ar fáil thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite le tabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfaidh aon leithreasuithe neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh.

	2012	2011
	€	€
Barrachas don bhliain	45,863,737	56,314,575
Tabhairt suas iarchurtha	25,000,000	18,125,000
Barrachas le tabhairt suas	20,863,737	38,189,575

Anailís ar chaiteachas riaracháin

			2012	2011
		Soláthar measta-chá in	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastal, pá agus liúntais	21,540	20,674	22,797
ii	Taisteal agus cothú	506	451	410
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	494	497	462
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	615	529	663
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	3,331	2,933	2,952
vi	Costais eile oifige	852	754	932
vii	Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais	231	123	139
viii	Acmhainní fógraíochta agus faisnéise	259	86	150
ix	Uachtaránacht ar an AE	1,956	619	—
		29,784	26,666	28,505

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2012

		2012	2011
	€000	€000	€000
Costas clár		824,221	816,108
Pá[1]		21,047	22,796
Neamhphá		5,618	5,708
Ollchaiteachas		**850,886**	**844,612**
Bain as			
Leithreasaí i gcabhair		**50,342**	**56,085**
Glanchaiteachas		**800,544**	**788,527**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin - airgead tirim	(452)		
Dímheas	2,236		
Caillteanas ar dhiúscairtí	—		
		1,784	1,889
Athruithe ar shócmhainní á bhforbairt			
Íocaíochtaí airgid		(955)	(839)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(718)		
Méadú ar stoc	(38)		
		(756)	656

Caiteachas díreach	800,617	790,233
Caiteachas a bhí de mhuirear ar áit eile		
Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	21,864	22,048
Measchíosanna	1,685	1,669
Glanchostas clár	**824,166**	**813,950**

[1] An difríocht €373,000 idir an figiúr pá a léirítear sa Ráiteas Costais Oibriúcháin (€21,047,000) agus an figiúr pá a chuirtear san áireamh ag (i) den anailís ar chostais riaracháin (€20,674,000), baineann sí le caiteachas atá bainteach le pá ar an Uachtaránacht ar an AE, a chuirtear san áireamh ag (ix) den anailís ar chostais riaracháin. Cuireadh an soláthar meastacháin de na costais go léir a bhaineann leis an Uachtaránacht ar an AE san áireamh faoi cheannteideal ar leith san anailís ar chostais riaracháin.

1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais seirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas i dtaca le Vóta 32 a bhí de mhuirear ar áit eile.

	2012	2011
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	255	262
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	15,394	14,830
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	5,962	6,512
Vóta 20 An Garda Síochána	—	61
Lárchiste - pinsin Airí	253	383
	21,864	22,048

Aguisín 2

Billí a foilsíodh i 2012

Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2012, Uimh. 22 de 2012 - Síníodh an tAcht isteach sa dlí an 4 Iúil 2012. Rinneadh an Bille a fhoilsiú an 20 Aibreán 2012.
Bille na gCuideachtaí 2012 - a foilsíodh an 21 Nollaig 2013

An tAcht um Iomaíochas (Leasú) - Síníodh an tAcht isteach sa dlí an 20 Meitheamh 2012.

Rinneadh an Bille a fhoilsiú an 26 Meán Fómhair 2011

Aguisín 3

Ionstraimí Reachtúla a rinneadh i 2012

I.R. Uimh. 30 de 2012	Na Rialacha um Paitinní, Trádmharcanna agus Dearaí (Táillí) (Leasú), 2012
I.R. Uimh. 31 de 2012	Na Rialacháin um Dhearaí Tionsclaíocha (Leasú), 2012
I.R. Uimh. 59 de 2012	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara), 2012
I.R. Uimh. 96 de 2012	Rialacháin Acht na gCuideachtaí, 2003, (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) (Nósanna Imeachta lena Rialaítear Stiúradh Fiosruithe Alt 23), 2012
I.R. Uimh. 97 de 2012	Rialacháin Acht na gCuideachtaí, 2003 (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) (Nósanna Imeachta lena Rialaítear Stiúradh Scrúduithe Alt 24), 2012
I.R. Uimh. 142 de 2012	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ainmneacha Snáithíní Teicstíleacha agus Lipéadú agus Marcáil lena mBaineann ar Chomhdhéanamh Snáithín na dTáirgí Teicstílí), 2012
I.R. Uimh. 143 de 2012	Na Rialacháin um Chosaint Tomhaltóirí (Faisnéis do Thomhaltóirí) (Earraí Miotal Lómhar), 2012
I.R. Uimh. 153 de 2012	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantachta) (an tSiria), 2012
I.R. Uimh. 165 de 2012	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantachta) (an Bhealarúis), 2012

I.R. Uimh. 216 de 2012	An tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht), 2012
I.R. Uimh. 217 de 2012	Na Rialacháin Aerfoirt Neamhchustam (Réim Dlíthe a Leathnú), 2012
I.R. Uimh. 236 de 2012	Ordú (um Thosach Feidhme), 2012, an Achta um Iomaíochas (Leasú) 2012
I.R. Uimh. 238 de 2012	Na Rialacháin maidir le Trédhearcacht (Treoir 2004/109/CE) (Leasú), 2012
I.R. Uimh. 239 de 2012	Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) (Leasú), 2012
I.R. Uimh. 302 de 2012	Ordú (um Thosach Feidhme), 2012, an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012
I.R. Uimh. 308 de 2012	Ordú 2012 Acht na gCuideachtaí (Leasú), (Uimh. 2) (Alt 32), 1999
I.R. Uimh. 309 de 2012	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Laistigh den Chomhphobal ar Tháirgí a Bhaineann le Cosaint) (Leasú), 2012
I.R. Uimh. 312 de 2012	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Iniúchóirí Tríú Tír agus Coibhéis Eintiteas Iniúchóireachta, Idirthréimhse agus Táillí), 2012
I.R. Uimh. 315 de 2012	Na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) (Leasú), 2012
I.R. Uimh. 316 de 2012	Na Rialacháin maidir le Trédhearcacht (Treoir 2004/109/CE) (Leasú) (Uimh. 2), 2012
I.R. Uimh. 317 de 2012	Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) (Leasú) Uimh. 2), 2012
I.R. Uimh. 329 de 2012	Ordú (um Thosach Feidhme), 2012, Acht na bPaitinní (Leasú) 2012
I.R. Uimh. 334 de 2012	Rialacha na bPaitinní (Leasú), 2012

I.R. Uimh. 335 de 2012	Na Rialacha um Paitinní, Trádmharcanna agus Dearaí (Táillí) (Leasú) (Uimh. 2), 2012
I.R. Uimh. 338 de 2012	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantachta in aghaidh na hIaráine), 2012
I.R. Uimh. 339 de 2012	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Trádála in Earraí a d'fhéadfaí a Úsáid le haghaidh Céasadh), 2012
I.R. Uimh. 363 de 2012	Na Rialacháin um na Cumainn Thionsclaíocha agus Choigiltis agus an Comharchumann Eorpach (Táillí), 2012
I.R. Uimh. 445 de 2012	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cur Chun Feidhme Ginearálta) (Leasú), 2012
I.R. Uimh. 446 de 2012	Ordú (um Thosach Feidhme), 2012, an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005
I.R. Uimh. 449 de 2012	Ordú (um Thosach Feidhme), 2012, an Achta um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha (Alt 72) 2005
I.R. Uimh. 461 de 2012	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) (Leasú), 2012
I.R. Uimh. 481 de 2012	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) (Uimh. 2), 2012
I.R. Uimh. 485 de 2012	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhoibriú idir Údaráis Náisiúnta atá Freagrach as Dlíthe Cosanta Tomhaltóirí a Fhorfheidhmiú) (Leasú), 2012
I.R. Uimh. 486 de 2012	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cuideachtaí Poiblí Teoranta) (Treoir 2012/30/AE), 2012
I.R. Uimh. 510 de 2012	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais), 2012
I.R. Uimh. 523 de 2012	Rialacháin an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2012
I.R. Uimh. 528 de 2012	Na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Mhiondíola agus Phríobháideacha) (Leasú), 2012
I.R. Uimh. 547 de 2012	Ordú na gCuideachtaí (Táillí), 2012